AN TÚDARÁS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA

’11





# Tuarascáil Bhliantúil | 2011

Ár bhfís:
Cultúr náisiúnta ina mbeidh cách tiomanta don tsábháilteacht agus don tsláinte ar na hionaid oibre agus do bhainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach

# Clár Ábhair

Réamhfhocal ón bPríomhfheidhmeannach . . . . . 2

Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta . . . . . 3

Bord an Údaráis . . . . . 4

An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin . . . . . 6

Gníomhartha i 2011 – Clár Comhlíontachta agus Comhairle san Ionad Oibre . . 7

Gníomhartha i 2011 – Clár Seirbhísí Coiscthe . . . . . 11

Gníomhartha i 2011 – Clár Polasaí agus Seirbhísí Ceimiceán . . . . . 14

Gníomhartha i 2011 – Clár Seirbhísí Corparáideacha . . . . . 17

Tuairiscí Airgeadais agus Cuntais Neamhiniúchta . . . . . 20

Aguisín A Staitisticí Forfheidhmithe 2011 . . . . . 37

Aguisín B Torthaí na nIonchúiseamh 2011 . . . . . 40

Aguisín C Clár um Fhorbairt Reachtaíochta 2011 . . . . . 56

Aguisín D Clár um Fhorbairt Cóid Chleachtais 2011 . . . . . 57

Aguisín E Treoirábhair Foilsithe i 2011 . . . . . 58

Aguisín F Fochoistí an Bhoird agus Coistí Comhairleacha . . . . . 60

Aguisín G Tuairisc na bliana 2011 ar Fheidhmíocht na nÚdarás Náisiúnta Ainmnithe maidir lena gcuid Feidhmeanna faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 . . . . . 64

Aguisín H Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh i 2011 . . . . . 70

Aguisín I Ráiteas ar Chomhlíonadh na gceanglas den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit – Anuas ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais . . . . . 71

Arna foilsiú i Meitheamh 2012 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Uirbeach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.
© Gach ceart ar cosaint. Ní cheadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

# Réamhfhocal ón bPríomhfheidhmeannach



Martin O'Halloran
*Príomhfheidhmeannach*

Bliain dhúshlánach eile a bhí ann i 2011 don Údarás ach bliain a bhí ann freisin ina ndearnadh dul chun cinn. Ba é an cur chuige oibre a bhí againn i 2011 ná tacaíocht a thabhairt d'fhiontair Éireannacha agus iarracht á déanamh acu sábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe a chosaint agus úsáid shlán na n-ábhar ceimiceach a chur chun cinn. Rinneadh é sin trí chomhairle a sholáthar i bhformhór na gcigireachtaí agus trí fhaisnéis chuidiúil a thabhairt go díreach d'fhiontair.

Faoi sheirbhís chomhairleach an Údaráis, íoslódáladh breis is 500,000 treoirdhoiciméad ónár suíomh Gréasáin agus cabhraíodh le 27,000 duine trínár lárionad teagmhála custaiméara.

Gníomh tábhachtach a bhí ann i 2011 nuair a laghdaíodh an t-ualach riaracháin trí na cláir Aire á Thabhairt do Ghnó (Taking Care of Business) agus BíCLISTE (BeSMART). Faoi na cláir seo, soláthraítear faisnéis shimplí agus uirlisí measúnachta riosca d'fhostóirí beaga a chabhraíonn leo an tsábháilteacht agus an tsláinte a bhainistiú go díreach agus ar bhealach lena mbaineann gnáthchiall.

Rinneadh formhór na gcigireachtaí sna hearnálacha agus ar na fostóirí ar bheagán comhlíontachta nó ar bhain ardrátaí gortaithe leo. Formhór na bhfostóirí a rinneadh scrúdú orthu, bhí iarracht á déanamh acu sábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe a chosaint. Ach bhí roinnt ionaid oibre ann ina bhfaca cigirí an Údaráis coinníollacha a d'fhéadfadh bheith dainséarach d'fhostaithe agus do dhaoine den phobal araon. Bhí sé riachtanach tabhairt faoi bheart forfheidhmithe fhoirmiúil i 7% de chigireachtaí i 2011.

Rinneadh breis is 500 fógra forfheidhmithe a sheirbheáil a d'éiligh go ndéanfaí feabhsúcháin chun ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh, ach bhí na coinníollacha chomh dona sin i 436 ionad oibre eile, a ndearnadh imscrúdú orthu, go raibh sé riachtanach gníomhaíochtaí oibre áirithe a chosc go dtí go ndéanfaí na feabhsúcháin riachtanacha.

Éisteadh 32 cás ionchúisimh le linn na bliana 2011 - cuireadh pianbhreitheanna príosúin ar fionraí ar chúigear de na daoine sin agus cuireadh seirbhís pobail in ionad pianbhreithe príosúin eile. Gearradh fíneálacha €819,700 ar an iomlán.

Rinne baill an Údaráis ionadaíocht freisin do leasanna na hÉireann ag raon forleathan fóraim de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) agus na Náisiún Aontaithe (NA), fóraim a bhain le sábháilteacht, sláinte, ábhair cheimiceacha agus sábháilteacht táirgí. Chuir an obair seo ar chumas na hÉireann cur leis an bpróiseas forbartha reachtaíochta ar leibhéal an AE chun a chinntiú go gcuirfí coinníollacha agus tosaíochtaí náisiúnta san áireamh i bhforbairtí dá leithéid.

D'éirigh le baill foirne an Údaráis a gcuid spriocanna ar fad a chomhlíonadh agus clár oibre dúshlánach á chur i bhfeidhm acu. Bhí an obair seo níos dúshlánaí fós mar gheall ar laghduithe foirne agus buiséad nárbh fholáir a chur i bhfeidhm. Chomhoibrigh baill foirne agus lucht bainistíochta an Údaráis agus athruithe ar chleachtais oibre á gcur i bhfeidhm acu chun laghduithe costais agus freagrúlacht níos fearr a bhaint amach mar chuid de phróiseas Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

# Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an comhlacht náisiúnta reachtúil atá freagrach as forfheidhmiú dhlí na sábháilteachta agus na sláinte ceirde, cosc timpistí a chothú agus a spreagadh agus faisnéis agus comhairle a sholáthar do gach cuideachta, eagraíocht agus duine aonair. Is é an tÚdarás an tÚdarás Inniúil Náisiúnta chomh maith do REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) agus do reachtaíocht ceimiceán eile. Bíonn an tÚdarás ag plé le hionaid oibre de gach méid i ngach earnáil eacnamaíoch.

Le cead ón Aire, déanann an Bord straitéis agus polasaithe an Údaráis a bhunú. Déanann an Fhoireann Feidhmiúcháin cur i bhfeidhm na gclár bliantúil oibre a threorú i gcomhlíonadh le freagrachtaí agus polasaithe reachtúla an Údaráis mar atá leagtha amach ag an mBord.

D'fhág an tÚdarás ceangal air féin ina Ráiteas Straitéise 2010–2012 chun sé sprioc a bhaint amach:

A. Cur ar chumas na bhfostóirí, na bhfostaithe agus lucht dualgais eile na rioscaí i leith na sábháilteachta, na sláinte agus an leasa a laghdú.

B. Gealltanas na ndaoine a spreagadh le go mbeidh ionaid oibre slán sábháilte, rud a chuirfidh rath freisin ar gach gnóthas.

C. Tacú leis an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta maidir le reachtaíocht chuí agus polasaithe cuí a thionscnamh agus a fhorbairt.

D. Iad siúd a dhéanann faillí ina gcuid dualgas agus freagrachtaí i leith na sábháilteachta agus na sláinte ceirde agus an leasa cheirde a thabhairt chun cuntais.

E. Bainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach a chur chun cinn.

F. Féachaint chuige go mbeidh an tÚdarás éifeachtach agus é ag cur a chuid spriocanna i gcrích agus go dtabharfaidh sé luach ar airgead.

Mar chuid de chlár oibre 2011, leanadh le réimse gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun na spriocanna sin a bhaint amach. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar phríomhghníomhartha an Údaráis i 2011 i ngach ceann de na ceithre chlár oibre rannóige.



# Bord an Údaráis

Cinneann an Bord polasaí oibriúcháin an Údaráis. Tá dhá bhall déag ar an mBord: cathaoirleach agus aon bhall déag a cheapann an tAire Gnóthaí Saothair. Ceapann an tAire baill a ainmníonn eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na páirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte cheirde, ar a n-áirítear fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile. Ceaptar baill den Bhord ar feadh téarma trí bliana i gcáil pháirtaimseartha.

Ceapadh Bord nua ar 20 Nollaig 2010 ag an Aire um Ghnóthaí Saothair agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, Dara Calleary, TD.

### Cathaoirleach

Michael Horgan,
iar-Phríomhfheidhmeannach, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn

### Ainmnithe na bhFostóirí

George Brett, Stiúrthóir, Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacht na hEorpa, Bausch and Lomb

Marian Byron (Leaschathaoirleach), Stiúrthóir, Grúpa Táirgí agus Seirbhísí Tionsclaíocha, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)

Dermot Carey, Ceannaire Seirbhísí Sláinte, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)

### Ainmnithe na bhFostaithe

Eamon Devoy, Ard-Rúnaí, Ceardchumann Teicniúil, Innealtóireachta agus Leictreachais (TEEU)

Esther Lynch, Gnóthaí Dlíthiúla agus Sóisialta, Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)

Dessie Robinson, Ard-Rúnaí Cúnta, IMPACT

### Ainmnithe an Aire

Mary Bohan
John Byrne
Des Mahon
Dan O Connell
Francis Rochford, An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

| Ball an Bhoird | Cruinnithe an Bhoird ar Freastalaíodh Orthu (as 9) |
|---|---|
| Michael Horgan | 8 |
| George Brett | 9 |
| Marion Byron | 9 |
| Dermot Carey | 9 |
| Eamon Devoy | 7 |
| Esther Lynch | 8 |
| Dessie Robinson | 6 |
| Mary Bohan | 9 |
| John Byrne | 8 |
| Des Mahon | 8 |
| Dan O Connell | 8 |
| Francis Rochford | 9 |

## Cathaoirleach



**Michael Horgan**
*iar-Phríomhfheidhmeannach, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn*

## Ainmnithe na bhFostóirí



**George Brett**
*Stiúrthóir, Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacht na hEorpa, Bausch and Lomb*



**Marian Byron**
*(Leaschathaoirleach), Stiúrthóir, Grúpa Táirgí agus Seirbhísí Tionsclaíocha, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)*



**Dermot Carey**
*Ceannaire Seirbhísí Sláinte, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)*

## Ainmnithe na bhFostaithe



**Eamon Devoy**
*Ard-Rúnaí, Ceardchumann Teicniúil, Innealtóireachta agus Leictreachais (TEEU)*



**Esther Lynch**
*Gnóthaí Dlíthiúla agus Sóisialta, Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)*



**Dessie Robinson**
*Ard-Rúnaí Cúnta, IMPACT*

## Ainmnithe an Aire



**Mary Bohan**




**John Byrne**



**Des Mahon**



**Dan O Connell**



**Francis Rochford**
*An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta*

# An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Oibríonn cigirí, speisialtóirí gairmiúla, riarthóirí agus baill foirne chléireachais don Údarás. Chomhlíon an tÚdarás a sprioc leibhéil foirne faoi Chreat Rialaithe Fostaíochta agus i ndeireadh 2011 bhí 184 duine fostaithe aige.

Déanann an Príomhfheidhmeannach cur i bhfeidhm na straitéise a bhainistiú i gcomhlíonadh le freagrachtaí agus polasaithe reachtaíochta an Údaráis mar atá leagtha amach ag an mBord.  Ceithre Aonad faoi cheannas Príomhfheidhmeannaigh Chúnta atá san eagraíocht mar seo a leanas:

POF
Martin O'Halloran



Príomhfheidhmeannach Cúnta
Comhlíonadh agus Comhairle
Brian Higgisson

Príomhfheidhmeannach Cúnta
Polasaí agus Seirbhísí Ceimiceán
Sharon McGuinness

Príomhfheidhmeannach Cúnta
Seirbhísí Coiscthe
Mary Dorgan

Príomhfheidhmeannach Cúnta
Seirbhísí Corparáideacha
Robert Roe








AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

# Gníomhartha i 2011 – Clár Comhlíontachta agus Comhairle san Ionad Oibre

Thug an tÚdarás faoi chlár imscrúdaithe fócasaithe a dhírigh ar earnálacha agus ar ghuaiseacha ardriosca. Mar an gcéanna leis na blianta roimhe sin, roghnaíodh ionaid oibre chun imscrúdú a dhéanamh orthu ag úsáid córas riosca-bhunaithe a chuir san áireamh na príomhrioscaí aitheanta sábháilteachta agus sláinte, an leibhéal riosca san earnáil, rátaí gortaithe agus drochshláinte, rataí gearáin agus leibhéil comhlíontachta stairiúla. Tríd an bpróiseas imscrúdaithe, chuir ár gcigirí ar chumas fostóirí, fostaithe agus maoir eile a ról agus a ndualgais a thuiscint maidir le hionaid oibre a bhunú atá níos sábháilte agus níos sláintiúla. Thug an tÚdarás faoi 15,340 cigireacht agus imscrúdú ar an iomlán i 2011.

Is é an cur chuige a úsáideann an tÚdarás ina chláir imscrúdaithe ná cur chuig atá bunaithe ar thacaíocht agus ar chomhairle más féidir sin, agus ar fhorfheidhmiú más gá sin. D'úsáideamar raon freagairtí le linn ár gcigireachtaí i 2011 agus rinneamar iarracht aitheantas a thabhairt do na fostóirí sin a thaispeáin go raibh siad sásta glacadh lena gcuid dualgas faoin reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte, agus a chur ar a gcumas a bhfreagracht a chomhlíonadh sa bhealach is praiticiúil. Ar an iomlán, tugadh comhairle ó bhéal (amháin) i gcás 30% (4,638) de chigireachtaí. I 38% (5,861) de chásanna eile, tugadh comhairle scríofa maraon leis an gcomhairle ó bhéal, ar a n-áiríodh sonraí faoi na saincheisteanna nárbh fholáir aire a thabhairt dóibh.

**"Is é an cur chuige a úsáideann an tÚdarás ina chláir cigireachta ná cur chuig atá bunaithe ar thacaíocht agus ar chomhairle más féidir sin, agus ar fhorfheidhmiú más gá sin."**

Tháinig fostóirí sa bhealach fós ar an Údarás, áfach, a cheadaigh coinníollacha ina n-ionaid oibre a d'fhéadfaidís bheith ina gcúis le gortú tromchúiseach nó le drochshláinte dóibh féin, dá bhfostaithe agus do dhaoine den phobal. I gcásanna dá leithéid, bhí sé riachtanach tabhairt faoi ghníomhartha ceartaitheacha ar an bpointe agus cuireadh tús le gníomhartha **forfheidhmithe fhoirmiúil** i 7% de chigireachtaí i 2011. Eisíodh 535 Fógra Feabhsúcháin agus 436 Fógra Toirmisc chun díriú ar ghníomhaíochtaí sonracha. Ina theannta sin, measadh go raibh na caighdeáin sábháilteachta agus sláinte a chonacthas i 13 shuíomh chomh lag sin gur dúnadh iad. Eisíodh 74 fíneáil ar an láthair faoin Rialachán um Iompar Substaintí Guaiseacha. Bhain an tÚdarás úsáid as ionchúiseamh, an smachtbhanna ab airde, i 2011, bliain inar cuireadh 32 ionchúiseamh i gcrích: 10 n-ionchúiseamh achomair agus 22 ionchúiseamh ar díotáil (féach na sonraí in Aguisín B). Ina theannta sin, cuireadh 35 comhad breise chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun treoir a fháil. Gearradh fíneálacha €819,700 ar an iomlán faoi bhreitheanna sna hionchúisimh ar éiríodh leo agus gearradh pianbhreitheanna coimeádta ar fionraí i gcúig chás. Cuireadh 150 uair de sheirbhís pobail in ionad pianbhreithe coimeádta eile agus rinneadh ábhar amháin a dhibhé ar an gcoinníoll go dtabharfadh an cosantóir tabhartas do charthanas.

Tá sé mar phríomhaidhm ag an bpróiseas cigireachta fós a chinntiú go bhfuil **córais bhainistíochta éifeachtacha um shláinte agus sábháilteacht** curtha i bhfeidhm. Bíonn córas dá leithéid ag teastáil chun cosc a chur ar thimpistí, ar an drochshláinte agus ar theagmhais chontúirteacha. Cuireann cigirí béim ar an bhfíoras gur gá na córais a chur i bhfeidhm san ionad oibre - ní leor an doiciméadú amháin. Tugadh faoi deara ag na cigirí na táscairí leibhéal comhlíontachta seo a leanas a bhain le córais bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta:

- bhí ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag 69% d'fhostóirí agus bhí na ráitis sin ar fáil san ionad oibre;
- bhí a ndualgais faoin reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte ar eolas ag 88% de bhainisteoirí sinsearacha;
- tá córais comhairliúcháin sábháilteachta ag 90% de na hionaid oibre ina bhfuil gá leis na córais sin;
- léirigh 9% d'fhostóirí gur tharla timpiste intuairiscithe ina n-ionaid oibre le linn an 12 mhí roimhe sin ach nár thuairiscigh ach 40% díobh an timpiste sin don Údarás.

Bhí dea-cháilíocht ar na ráitis sábháilteachta go ginearálta trasna na n-earnálacha ar fad.

Thuairiscigh na cigirí gur chomhlíon breis is 80% d'fhostóirí na ceanglais le haghaidh measúnachta riosca a bhaineann le hobair - sainíodh na bearta rialaithe cuí, cuireadh bearta rialaithe i bhfeidhm agus leithdháileadh acmhainní agus freagrachtaí.

Tuigeann an tÚdarás go mb'fhéidir go mbeadh air **dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí stáit eile** a mbíonn ról reachtúil acu chun a chinntiú go ndéantar an reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte a chomhlíonadh agus go ndéantar imscrúdú ar sháruithe suntasacha ar an reachtaíocht sin. Chun an comhar a éascú i gcásanna dá leithéid, tá roinnt Meabhráin Tuisceana curtha i bhfeidhm ag an Údarás. Caomhnaíodh na Meabhráin Tuisceana seo i 2011 agus ullmhaíodh Meabhráin nua in éineacht leis an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid agus leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA).

## Achoimre ar an gClár Cigireachta

Léirítear in Aguisín A leibhéil na gníomhaíochta cigireachta agus forfheidhmithe de réir earnála.

Mar gheall ar mhéadú ar an ngníomhaíocht cigireachta in **earnáil na talmhaíochta,** rinneadh breis is 3,000 cigireacht feirme i 2011. Leanfar leis an obair seo i 2012. Ag am na cigireachta, bhí ráiteas sábháilteachta nó Cód Cleachtais i bhfeidhm ag 58% d'fheirmeacha ar an iomlán. D'ullmhaigh na feirmeoirí féin formhór (83%) na ráiteas nó na gcód sin. Bhí sé riachtanach idirghabháil a dhéanamh i 30% de na cigireachtaí ó thaobh chaighdeán na bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ar an bhfeirm. Tugann cigirí dá n-aire fós, cé gur aithníodh rioscaí, nach ndéantar bearta rialaithe a aithint agus a chur i bhfeidhm ach amháin i 66% de chásanna. Fuair cigirí gur tharla timpiste intuairiscithe i 2011 ar 3% de na feirmeacha a ndearnadh imscrúdú orthu, ach nár tuairiscíodh ach 16% de na timpistí sin don Údarás. I mí Aibreáin, reáchtáladh feachtas um shábháilteacht talmhaíochta chun díriú ar shábháilteacht tarracóra, rud a bhfuiltear fós buartha go mór faoi (bhí comhairle scríofa nó forfheidhmithe riachtanach i mbreis is 33% de chigireachtaí). Reáchtáladh níos mó siúlóidí agus cainteanna feirme - 34 caint feirme ag cruinnithe Choiste Feidhmiúcháin Contae an IFA agus Macra na Feirme mar aon le 8 siúlóid feirme a reáchtáladh ar fud na tíre.

> **"Bhí dea-cháilíocht ar na ráitis sábháilteachta go ginearálta trasna na n-earnálacha ar fad."**

De réir gach cosúlachta, tháinig laghdú in **earnáil na foirgníochta** i 2011 ar leibhéal chur i bhfeidhm na gcóras bainistíochta sláinte agus sábháilteachta, i gcomparáid le 2010. Bhí Ráiteas Sábháilteachta nó Cód Cleachtais curtha i ngníomh agus fáil air i 76% de chigireachtaí (ullmhaíodh 65% díobh sin ag an bhfostóir féin). De réir na gcigirí, tá caighdeán ard ar na ráitis sábháilteachta seo. Léirigh 4% d'fhostóirí gur tharla timpiste intuairiscithe ina n-ionaid oibre i 2011, ar tuairiscíodh 35% díobh don Údarás. Reáchtáladh dhá fheachtas foirgníochta sheachtain amháin i 2011.

Tá laghdú mór tagtha ar leibhéal na gníomhaíochta san **earnáil mianach agus cairéal**, ach earnáil ardriosca atá ann fós. Ar an iomlán, léiríodh sna sonraí cigireachta ó 2011 go raibh ardleibhéil feasachta agus comhlíontachta ann maidir le ceanglais na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Cairéil) 2008 agus ba iad seo a leanas na rátaí comhlíontachta: ceapacháin ábhartha déanta 97%; nósanna imeachta oibriúcháin scríofa ar fáil 90%; agus rialacha scríofa maidir le séideadh pléascáin ar fáil 95%. Ní dhearnadh beart maidir leis an ráiteas sábháilteachta ach amháin i 13% de chigireachtaí.

Bhí leibhéil comhlíontachta maidir le ceanglais sláinte agus sábháilteachta in **earnáil na déantúsaíochta** faoi réir leibhéil na mblianta roimhe sin, le ráiteas sábháilteachta curtha ar fáil i 87% d'ionaid oibre. Léirigh suas le 22% d'ionaid oibre san earnáil gur tharla timpiste intuairiscithe ann le linn an 12 mhí roimhe sin, nach ndearnadh ach 60% díobh a thuairisciú. Ceaptar a lán ionadaithe sábháilteachta san earnáil seo i gcomparáid le hearnálacha eile ag 42%.

San **earnáil mhórdhíola agus mhiondíola**, ullmhaítear níos lú Ráiteas Sábháilteachta fós ná mar a ullmhaítear in a lán earnálacha eile ag 60%. Tá a bhfreagrachtaí bainistíochta ar eolas ag 81% de na bainisteoirí, méadú suntasach ar an 40% a taifeadadh i 2009. Bhí sé riachtanach i 45% de chigireachtaí, bearta forfheidhmithe a dhéanamh maidir leis na córais um bainistíocht sábháilteachta san earnáil sin. Le linn na bliana 2011, chuir cigirí an uirlis measúnachta riosca BíCLISTE nua chun cinn i measc fostóirí beaga san earnáil seo agus tugadh spreagadh dóibh úsáid a bhaint as an gcóras seo chun an tsláinte agus an tsábháilteacht san ionad oibre a bhainistiú.

Rinne an tÚdarás níos lú cigireachtaí in **earnáil an oideachais**. Bhí ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag 89% de scoileanna a ndearnadh imscrúdú orthu, ráiteas a raibh fáil air ag am na cigireachta agus bhí a bhfreagrachtaí faoin reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ar eolas ag 96% de na scoileanna sin. Léirigh 11% de scoileanna gur tharla timpiste intuairiscithe ann le linn an 12 mhí roimhe sin, ar cuireadh 54% díobh in iúl don Údarás. Maidir le hiar-bhunscoileanna, chonacthas i 56% de chigireachtaí go raibh an treoir maidir le bainistiú sláinte agus sábháilteachta in iar-bhunscoileanna á húsáid go gníomhach.

San **earnáil cúram sláinte** bhí an leibhéal comhlíontachta maidir le ráiteas sábháilteachta a bheith riachtanach ar aon dul le leibhéil na mblianta roimhe sin ag 88%. Bhí sé riachtanach beart forfheidhmithe a dhéanamh i 34% de chigireachtaí.

San **earnáil riaracháin phoiblí**, comhlíonadh an ceanglas maidir le gá a bheith le ráiteas sábháilteachta i 86% de chásanna (ullmhaíodh na ráitis sin ag an bhfostóir i 96% de chásanna). Deimhníodh i 24% de chigireachtaí gur tharla timpiste intuairiscithe le linn an 12 mhí roimhe sin, a ndearnadh tuairisc ar 64% díobh. Ceaptar a lán ionadaithe sábháilteachta san earnáil seo, rud a tuairiscíodh i 59% de chigireachtaí.

I gcomhlíonadh le cuspóir straitéiseach an Údaráis aird níos mó a thabhairt ar an **tsláinte cheirde**, bhain breis is 30% de na hábhair ar a ndíríodh i rith na gcigireachtaí leis an tsláinte fós. I measc na saincheisteanna ar déileáladh leo bhí aispeist, oibreáin bhitheolaíocha, carcanaiginí, ábhair cheimiceacha, trealamh scáileán taispeána (TST), láimhsiú, obair oíche agus uainobair, radón, REACH, strus agus bulaíocht. Rinneadh measúnacht ar fud na n-earnálacha ar fad ar leibhéil na chomhlíontachta maidir le ceanglais láimhsithe. De réir thuairiscí na gcigirí, ba iad na leibhéil comhlíontachta a tugadh faoi deara maidir le measúnacht riosca scríofa a bheith ann do thascanna ar leith, le bearta rialaithe cuí agus le clár oiliúna maidir le láimhsiú ná 58%, 61% agus 82% faoi seach. I gcásanna ina ndeachthas i gceann na bulaíochta, cloíodh den chuid is mó le ceanglais an Chóid Chleachtais. Thiomnaigh an tÚdarás go nglacfaidh sé páirt san Fheachtas Síceasóisialta Eorpach atá beartaithe do 2012 agus atá á eagrú ag Coiste Comhairleach Saothair Sinsearach an AE.

Rinneadh measúnacht fós i rith na bliana 2011 ar **shleamhnú, ar thuislí agus ar thitimí** san ionad oibre a bhainistiú (atá ar cheann de na cúiseanna is mó le timpistí). Dhírigh 75% de na hionaid oibre, a ndearnadh imscrúdú orthu, ar an tsaincheist seo ina measúnachtaí riosca. De réir na gcigirí, bhí coisbheart in aghaidh sleamhnú ag teastáil i 62% de na hionaid oibre seo. I 90% de chásanna, cuireadh an coisbheart cuí ar fáil agus bhí sé in úsáid.

Ba é an téama do Sheachtain Sábháilteachta na hEorpa i 2011 ná **cothabháil**. Rinne cigirí measúnacht ar an tsaincheist seo i 650 ionad oibre. De réir na dtorthaí, theip ar fhostóirí nósanna imeachta cothabhála a dhoiciméadú i 31% de chásanna. I bhformhór na n-ionad oibre (94%), daingníodh go raibh duine amháin freagrach as an gcothabháil a bhainistiú. I 21% de chásanna áfach, ní dhearnadh measúnacht ar na rioscaí áirithe a bhaineann le gníomhaíochtaí cothabhála.

Cuireadh tús le clár cigireachta nua maidir le **foréigean agus ionsaitheacht** a bhaineann le hobair nuair a rinneadh imscrúdú ar 260 ionad oibre ábhartha. Thángthas ar fhianaise maidir le measúnacht riosca polasaí agus doiciméadaithe i 72% agus 61% de chásanna dá leithéid faoi seach. Thángthas ar fhianaise i 78% de chásanna go raibh rialuithe leordhóthanacha curtha i bhfeidhm. Os a choinne sin, thángthas ar fhianaise i 38% de chásanna nár cuireadh oiliúint ar na baill foirne faoi conas foréigean agus ionsaitheacht a bhaineann le hobair a bhainistiú.

Maidir le measúnacht a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le radón, is léir don Údarás fós nach bhfuil ach beagán eolais ag fostóirí ar an riosca seo sna réigiúin gheografacha ardriosca atá aitheanta ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) agus nach ndeachaigh fostóirí i gceann na saincheiste seo ach amháin i 30% de ráitis sábháilteachta.

"Maidir le measúnacht a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le radón, is léir don Údarás fós nach bhfuil ach beagán eolais ag fostóirí ar an riosca seo sna réigiúin gheografacha ardriosca aitheanta ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) agus nach ndeachaigh fostóirí i gceann na saincheiste seo ach amháin i 30% de ráitis sábháilteachta."

Faoi phlean cúig bliana an Údaráis chun díriú ar **iompar feithicle a bhaineann le hobair**, rinneadh measúnacht ar an tsaincheist i 705 ionad oibre. Bhí

iompar feithicle san ionad oibre ar áireamh i 78% de ráitis sábháilteachta agus tugadh córais um bainistíocht tráchta faoi deara i 75% de chigireachtaí ábhartha. Críochnaíodh in éineacht le cigirí sonracha an obair ullmhúcháin do chlár cigireachta um shlándáil ualach a chuirfear i bhfeidhm i 2012.

I gcomhlíonadh le ról an Údaráis Inniúil maidir le **hiompar agus stóráil substaintí contúirteacha**, rinneadh 1581 cigireacht, ar a n-áirítear cigireachtaí ar 646 feithicil earraí contúirteacha, 171 iosta agus 218 stór miondíola agus príobháideach peitriliam. Chomh maith leis sin, díríodh níos mó fós ar fheithiclí gan mharcáil (546 cigireacht).

Díríodh níos mó fós le linn cigireachtaí ginearálta i 2011 ar úsáid agus ar bhainistiú na n-ábhar ceimiceach - chuathas i gceann na saincheiste seo i 779 cigireacht.

Cuireadh tús le cigireachtaí réamhghníomhacha **faireachán margaidh** i 2011 nuair a rinneadh breis is 90 cigireacht ar innealra, ar ardaitheoirí agus ar threalamh ATEX (atá beartaithe le húsáid in atmaisféir phléascacha). Aithníodh déantóirí agus soláthraithe agus tugadh cuairt orthu in áiteanna áirithe ar fud na tíre chun measúnacht a dhéanamh ar a leibhéil comhlíontachta le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Innealra), 2008, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ardaitheoirí) 1998-2008 agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trealamh agus Córais Chosantacha a Bheartaítear a Úsáid in Atmaisféir a d'Fhéadfadh a Bheith Pléascach) 1999. Díríodh ar raon innealra faoin gclár nua seo, ar a n-áiríodh boird thógála feithicle, feithiclí bailithe bruscair, innealra miotalóireachta, geataí cumhachta, aer-chomhbhrúiteoirí, forbhaill ghearrthóir coschoille, scriú-iompróirí ar thrucailí grán, meaisíní socraithe pionnaí i gcúirteanna babhlála, agus gardaí cumhachtdúiseachta. Rinneadh cigireachtaí frithghníomhacha tar éis gearáin a fháil, tar éis a bheith curtha san airdeall, nó nuair a aimsíodh táirgí a ceapadh go raibh siad neamhchomhlíontach.

**"Díríodh níos mó fós le linn cigireachtaí ginearálta i 2011 ar úsáid agus ar bhainistiú na n-ábhar ceimiceach - chuathas i gceann na saincheiste seo i 779 cigireacht."**

Mar chuid de rannpháirteachas an Údaráis sa Ghrúpa Náisiúnta Comhairleach um **Fhorbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe**, rinneadh thart ar 150 cigireacht ar láithreáin forbartha tithíochta nár críochnaíodh iad. Aithníodh na forbairtí sa Suirbhé Náisiúnta um Fhorbairt Tithíochta 2010 (ina ndearnadh suirbhé ar 2846 forbairt) agus díríodh ar na forbairtí sin i gcigireachtaí an Údaráis a bhaineann an riosa is mó leo i dtéarmaí shábháilteacht an phobail agus láithreáin, .i. láithreáin 4ú cineál. Aithníodh páirtithe leasmhara le linn na gcigireachtaí agus tugadh treoir chun oibreacha ceartaitheacha a dhéanamh ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta aitheanta. Murar aithníodh páirtithe leasmhara agus más rud é nach raibh daoine ag obair a thuilleadh ar an bhforbairt tithíochta, chuir an tÚdarás an t-eolas sin in iúl do na hÚdaráis Áitiúla freagracha.

Mar an gcéanna leis na blianta roimhe sin, thug an tÚdarás faoi líon teoranta cigireachtaí sna hearnálacha a aithnítear go traidisiúnta mar **earnálacha ísealriosca**. I mbliana, rinneadh 369 cigireacht dá leithéid sna hearnálacha seo a leanas: Faisnéis agus Cumarsáid, Gníomhaíochtaí Gairmiúla, Eolaíocha agus Teicniúla agus Gníomhaíochtaí Seirbhíse Tacaíochta agus Riaracháin. Bhí freagrachtaí sláinte agus sábháilteachta ar an eolas i bhformhór na gcigireachtaí seo (85-93%). Bhí fáil ar líon na ráiteas sábháilteachta ba lú san earnáil Faisnéise agus Cumarsáide (63%), le Gníomhaíochtaí Gairmiúla, Eolaíocha agus Teicniúla ag 78% agus Gníomhaíochtaí Seirbhíse Tacaíochta agus Riaracháin ag 67%.

**"Chuir an tÚdarás tús le clár i 2011 chun samplaí dea-chleachtais a aithint a bhféadfadh fostóirí eile sochar a bhaint astu. Aithníodh beagnach céad ceann de na samplaí sin."**

Lean an tÚdarás lena chuid **tionscnaimh dírithe ar fhostóirí il-láithreáin** agus leathnaigh sé é chun réimsí nua agus réimsí forbartha a chur san áireamh, mar shampla soláthraithe inslithe bhaile.

Raon saincheisteanna a rabhthas buartha fúthu agus a aithníodh trí chigireacht nó imscrúdú, leagadh béim orthu i measc an phobail trí **chóras foláirimh** an Údaráis. Áiríodh orthu siúd gníomhaíochtaí a bhain le sorcóirí GPL a líonadh, le hardaitheoirí earraí paisinéara, le húinéirí/oibreoirí otharcharr agus le crannóga fotha millíní adhmaid.

Chuir an tÚdarás tús le clár i 2011 chun samplaí dea-chleachtais a aithint, a bhféadfadh fostóirí eile sochar a bhaint astu. Aithníodh beagnach céad ceann de na samplaí sin agus déanfar forbairt bhreise ar an gclár i 2012 chun scaipeadh na faisnéise a phleanáil.

# Gníomhartha i 2011 – Clár Seirbhísí Coiscthe

Bíonn ról mór ag an Údarás ar leibhéal náisiúnta i bhforbairt polasaithe agus i ngníomhaíochtaí cur chun cinn a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre. Forbraítear acmhainní faoin gclár polasaí, ar a n-áirítear tograí reachtacha, treoirábhair agus tacaíochtaí ábhartha, a chuireann le laghdú ar thimpistí agus ar an drochshláinte ag an obair. Is é an príomhchuspóir ná tionchar a imirt ar iompar na bhfostóirí agus na bhfostaithe. Díríonn an tÚdarás ar uirlisí a chur ar fáil do na príomhghrúpaí seo a chuirfidh feabhas ar a gcuid feidhmíochta sábháilteachta agus sláinte ag an obair. Bíonn an t-inspreagadh chun na tacaíochtaí seo a úsáid riachtanach chun torthaí a bhaint amach agus bíonn sé níos deacra tionchar a imirt ar a leithéid d'inspreagadh agus é a thomhas. Déanann an tÚdarás dícheall chun timpeallacht a chruthú a thugann spreagadh do dhaoine a gcuid iompair a athrú trí theachtaireachtaí dearfacha a threisiú faoi ghnóthais rathúla, faoi na costais a sábháiltear, faoi shochair phearsanta agus theaghlaigh agus faoi thosca inspreagtha eile. Cuirtear i gcuimhne d'fhostóirí freisin, ar ndóigh, gur gá cloí leis an dlí.

**"Bunaíodh an tionscnamh Aire á Thabhairt do Ghnó (ATG) i gceart nuair a seoladh go náisiúnta é - thug beagnach 2,000 duine cuairt ar thaispeántas an tionscnaimh."**

I 2011, lean an tÚdarás lena chuid iarrachtaí tacú le **gnóthais bheaga**. Bunaíodh an tionscnamh Aire á Thabhairt do Ghnó (ATG) i gceart nuair a seoladh go náisiúnta é - thug beagnach 2,000 duine cuairt ar thaispeántas an tionscnaimh san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath i mí Feabhra. Ina dhiaidh sin, reáchtáladh sraith ceardlann faisnéise in ionaid ar fud na tíre. Ó shin i leith, d'fhás an tionscnamh. Mar bharr ar an tionscadal lárnach BíCLISTE (uirlis measúnachta riosca ar líne do ghnóthais bheaga), cuireadh eilimintí eile san áireamh a thugann tacaíocht do ghnóthais ar bhealach simplithe atá éasca le rochtain. Cuireadh plean trí bliana an chláir Aire á Thabhairt do Ghnó i láthair i 2011 agus leagadh spriocanna uaillmhianacha amach ann chun teagmháil a dhéanamh le líon na ngnóthas beag is mó agus is féidir. Ag deireadh na bliana, bhí beagnach 5000 gnóthas beag cláraithe chun an uirlis BíCLISTE a úsáid. Is tús maith é seo. Tá an clár ina phríomhfhreagairt freisin ag an Údarás ar chlár oibre an Rialtais chun an t-ualach riaracháin ar ghnó a laghdú.

I dtéarmaí na gclár polasaí earnála, tháinig **earnáil na talmhaíochta** chun cinn ar na cúiseanna míchearta. Tharla 27 de na timpistí marfacha san ionad oibre in Éirinn (49%) san earnáil seo (ar a n-áirítear iascaireacht agus foraoiseacht) i rith na bliana. Timpistí feirme ab ea 22 de na timpistí. Glactar leis go ginearálta go bhfuil an earnáil seo an-dainséarach dóibh siúd a oibríonn san ionad oibre feirmeoireachta nó a chónaíonn in aice leis.I 2011, rinne an tÚdarás teagmháil níos mó le ceannairí den phobal feirmeoireachta agus leo siúd go léir a mbíonn tionchar acu ar an earnáil. I mí Lúnasa, d'óstaigh an tÚdarás comhdháil idirnáisiúnta um shábháilteacht feirme a thug seans breise do pháirtithe leasmhara teacht le chéile. Tugadh tacaíocht don teachtaireacht i rith na bliana ag ceannaireacht an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Risteárd De Briotún, TD agus an Aire Talmhaíochta agus Mara, Siomón Ó Coibheanaigh, TD. Chabhraigh a leithéid de cheannaireacht pholaitiúil go mór le haird leanúnach a thabhairt ar an tsábháilteacht feirme ar leibhéal náisiúnta. Ag deireadh na bliana, d'fhág gach uile pháirtí ceangal orthu féin go laghdófaí timpistí feirme. Cuireadh é seo chun cinn go bríomhar sna meáin iomráiteacha ag iriseoirí a bhfuil tionchar acu agus trí fheachtas feasachta náisiúnta an Údaráis.

**"Chláraigh beagnach 5000 gnóthas beag chun an uirlis BíCLISTE a úsáid."**

In **earnáil na hiascaireachta**, ar earnáil ghuaiseach eile í, d'oibríomar fós ar Chód Cleachtais a ullmhú le haghaidh bád beag maidir leis an iascaireacht. Chríochnaigh an tÚdarás a phróiseas luachmhar comhairliúcháin le hiascairí, ar buaileadh leo sna príomhchalafoirt iascaireachta. Dúirt an chuid is mó de scipéirí agus criúnna go mbeidís sásta an Cód a úsáid agus thacaigh siad leis an inrochtaineacht agus so-úsáidteacht atá beartaithe dó.

Rinne an tÚdarás dul chun cinn tábhachtach i réimse an **fhaireachán margaidh**. Cuireadh faisnéis agus comhairle shaineolaíoch ar fáil i réimsí difriúla, na cinn seo a leanas san áireamh: leantóirí talmhaíochta, innealra suite ar thrucaile, ardaitheoirí agus gabhálais ardaitheacha, ardaitheoirí, boird thógála feithicle, innealra miotalóireachta, geataí cumhachta, ardáin oibre shoghluaiste ardaithe (AOSAanna). Chomh maith leis sin, tá comhordú á dhéanamh fós ag an Údarás ar chur i bhfeidhm Threoir an AE maidir le Faireachán Margaidh agus Innealra. Tugadh tacaíocht theicniúil don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus rialacháin sábháilteachta táirge á bhforbairt aici.

**"Díríodh fós ar shábháilteacht an iompair san ionad oibre toisc go raibh baint ag feithiclí le 40% de bhásanna san ionad oibre i rith an dá mhí déag roimhe seo."**

Leagadh pleananna cúig bliana amach ag an Údarás roimhe seo chun dul i gceann leibhéil timpistí agus breoiteachta san ionad oibre in earnálacha an iompair agus cúram sláinte. Taispeánadh gur éirigh go han-mhaith le cur i bhfeidhm na bpleananna seo mar gheall ar chomhoibriú le príomheagraíochtaí eile ar chláir ghníomhaíochta bhliantúla. San **earnáil cúram sláinte**, forbraíodh treoir maidir le láimhsiú agus láimhsiú othar a bhainistiú agus foilsíodh an treoir sin. Chomh maith leis sin, foilsíodh treoir maidir le hobair aonair, le hoibrithe cúram sláinte a chosaint ar nochtadh eitinne, le galar na Léigiúnach, le sábháilteacht ardaitheoirí agus guailleán soghluaiste othair agus le cosc ar ghortuithe earraí géara. D'oibrigh an tÚdarás, Grúpa Stiúrtha don Chúram Sláinte agus Fóram Comhairleach Sláinte agus Sábháilteachta de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) as lámha a chéile arís eile. Rinneadh teagmháil go minic freisin le HIQA chun MT a fhorbairt a chríochnófar i dtús na bliana 2012. Ghlac an tÚdarás páirt i ngrúpa saineolaithe AE ar réimsí leictreamaighnéadacha agus thug sé tacaíocht don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i dtaca leis seo.

Díríodh fós ar **shábháilteacht an iompair san ionad oibre** toisc go raibh baint ag feithiclí le 40% de bhásanna san ionad oibre i rith an dá mhí déag roimhe seo. Rinneadh obair chomhoibríoch an-tábhachtach sa réimse seo tríd an gComhghrúpa Stiúrtha don tsábháilteacht feithicle a bhaineann le hobair (HSA, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An Garda Síochána) agus trí Phainéal Comhairliúcháin. I measc eilimintí an phlean cúig bliana a baineadh amach i 2011 bhí ceithre sheimineár Ag Tiomáint don Obair (Driving for Work), acmhainní d'fhostóirí, bileoga eolais gearr, físeáin theagaisc agus seicliostaí. Ceapadh iad seo chun an próiseas measúnachta riosca a shimpliú agus cuireadh chun cinn go forleathan iad. Rinneadh obair freisin ar chomhchlár maidir le sábháilteacht agus slándáil na n-ualach. I ndeireadh na bliana, glacadh páirt i ngníomhaíocht an AE ar an tsábháilteacht ar bhóithre a bhaineann le hobair. Tosaíodh freisin ar chúrsa ríomhfhoghlama a fhorbairt faoi shábháilteacht an iompair san ionad oibre.

In **earnáil an oideachais** cuireadh chun cinn go forleathan le linn an chéad sé mhí de 2011 Treoir maidir le Sábháilteacht agus Sláinte in Iar-bhunscoileanna a Bhainistiú. Ghlac ceithre chéad múinteoir bunscoile páirt inár gcúrsa samhraidh a thug réamheolas dóibh ar shábháilteacht agus sláinte in earnáil an oideachais. Cúrsa bunaithe ar an nGréasán a bhí ann. Baineann an tÚdarás úsáid éifeachtach as an meán seo chun a theachtaireacht a chur in iúl. Chuir an tÚdarás raon clár eile i gcrích in earnáil an oideachais i 2011. In iar-bhunscoileanna, thug breis is 15,000 mac léinn faoin gclár idirbhliana Roghnaigh an tSábháilteacht (Choose Safety). Cuireadh an acmhainn iar-bhunscoile Spiorad na Fiontraíochta (Spirit of Enterprise) i bhfeidhm i ngach uile scoil dara leibhéal agus cuireadh cás-staidéar sláinte agus sábháilteachta ar fáil dóibh ar féidir úsáid a bhaint as sa seomra ranga. Thug níos mó ná 1,300 foghlaimeoir faoi chúrsaí ríomhfhoghlama an Údaráis. Ag bunleibhéal, leanadh leis an gclár Fan Slán (Keep Safe) nuair a reáchtáladh sé theagmhas náisiúnta trasna na tíre, ar ghlac suas le deich ngníomhaireacht stáit páirt i ngach ceann díobh. Ag an tríú leibhéal, reáchtáil an tÚdarás an comórtas Sábháilteacht Deartha agus Tógála (Safety in Design and Construction), an dara comórtas

aige, a dhírigh ar mhic léinn tríú leibhéal a raibh cúrsaí a bhain le foirgníocht á ndéanamh acu. Cuireann na tionscnaimh seo ar fad le cuspóir straitéiseach an Údaráis sábháilteacht agus sláinte in earnáil an oideachais a phríomhshruthú agus feasacht a mhéadú i measc na daoine atá ag dul isteach sa lucht saothair den chéad uair.

Tugadh faoi obair polasaí fhorleathan maidir le **hearnáil na foirgníochta** i 2011. Foilsíodh an Cód Cleachtais maidir le Sábháilteacht sa Díonadóireacht chun cabhrú le fostóirí córais oibre sábháilteachta a chaomhnú nuair a thugann siad faoin ngníomhaíocht ardriosca seo. Eisíodh foilseacháin eile i 2011 a sholáthraíonn treoir maidir le húsáid shábháilte na ndumpairí láithreáin agus bileoga seiceála le haghaidh dumpairí agus tochaltóirí láithreáin. Chomh maith leis sin, soláthraíodh seirbhísí do choistí agus do ghrúpaí comhairleacha, freagraíodh ceisteanna teicniúla agus reáchtáladh seimineáir agus cainteanna le haghaidh grúpaí éagsúla. Lean an tÚdarás agus an Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta (CSP) ag obair as lámha a chéile. Chabhraigh an tÚdarás go háirithe le hábhar agus le pleanáil Fhóram an CSP i mí na Samhna. Rinneadh obair bhreise ar an tionscnamh SMP20 (le haghaidh fostóirí foirgníochta a bhfuil níos lú ná 20 fostaí acu), ceardlanna a chur i láthair le haghaidh grúpaí éagsúla tionscail agus forbairt uirlise ríomhfhoghlama san áireamh.

Díríodh go háirithe sa réimse **sláinte ceirde** i 2011 ar an tsláinte mheabhrach agus ar eirgeanamaíocht. Foilsíodh treoir d'fhostóirí maidir le strus a bhaineann le hobair a bhainistiú. Foilsíodh treoir eile d'fhostaithe maidir le strus a bhainistiú. Críochnaíodh an obair a bhí á déanamh ar fhorbairt caighdeán Éireannach don chlár Oibrigh go Dearfach (Work Positive), a mhéadaíonn ábharthacht don ionad oibre Éireannach. Foilsíodh treoir eirgeanamaíochta d'earnáil an airgeadais agus cuireadh an obair i gcrích a bhí á déanamh ar an gcóras oiliúna teagascóra um láimhsiú. In earnáil na garchabhrach, ceapadh gníomhaire le bheith ina bhainisteoir ar an gclár le haghaidh téarma cúig bliana, agus tosaíodh ar na moltaí a chur i bhfeidhm a tháinig chun cinn mar gheall ar mheasúnacht ar an gcóras garchabhrach, measúnacht a cuireadh i gcrích i 2010. D'eisigh an tÚdarás treoir ghearr d'fhostóirí agus fostaithe maidir le meiscigh san ionad oibre a raibh mar aidhm aici ceanglais reachtacha sa réimse seo a shoiléiriú.

Foilsíodh próiseas gearán nua i 2011 a bhí i measc na bhforbairtí i réimse na **seirbhíse do chustaiméirí**. Cuireadh feabhas leanúnach ar ábhar shuíomh Gréasáin an Údaráis agus íoslódáladh breis is 500,000 treoirdhoiciméad agus doiciméad tacaíochta eile. Próiseáladh 8,706 foilseachán crua-chóipe eile. Lean seirbhís teagmhála custaiméara an Údaráis d'fhaisnéis a sholáthar agus gearáin shábháilteachta ionad oibre a phróiseáil - cabhraíodh le breis is 27,000 duine tríd an teileafón agus trí chumarsáidí teagmhálacha isteach agus réamhghníomhacha eile. Próiseáladh breis is 16,000 foirm thuairisce a chuir fostóirí isteach. Rinne an Cumann Teagmhála Custaiméara (CCA) dhá iniúchadh ar an obair a bhí ar siúl ag an bhfoireann freagartha custaiméara agus d'éirigh leis an bhfoireann an caighdeán aitheanta seo a bhaint amach le haghaidh bliana amháin eile.

**"Íoslódáladh breis is 500,000 treoirdhoiciméad agus doiciméad tacaíochta eile."**



# Gníomhartha i 2011 – Clár Polasaí agus Seirbhísí Ceimiceán

Chuir an tÚdarás lena phríomhról maidir le polasaí na n-ábhar ceimiceach agus lena fhorfheidhmiú arís eile i 2011. Clúdaíonn ár sainchúram reachtach slabhra an tsoláthair ar fad idir tháirgeadh na n-ábhar ceimiceach, a n-úsáide, a soláthair, a dtrádála, a n-onnmhairithe, a n-allmhairithe agus a n-iompair de bhóthair, rud a chuireann ar chumas an Údaráis sraith uileghabhálach de chomhairle polasaí agus theicniúil a chur ar fáil do ghnóthais, d'oibrithe, do rialtóirí eile agus dár gcomhpháirtithe rialtais.

D'oibrigh an tÚdarás ar mhaithe leis an gclár reachtaíochta náisiúnta agus Eorpach, i dteannta le comhghleacaithe sa Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta (DJEI). In Éirinn, tugadh isteach na Rialacháin Ceimiceán (Ábhair Aispeiste), na Rialacháin Ceimiceán (CLP), na Rialacháin maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus na Rialacháin maidir le Brú-Threalamh Iniompair. San Eoraip, chuir an tÚdarás comhairle theicniúil agus eolaíoch ar fáil mar chuid de Chaibidlíochtaí na Comhairle Eorpaí faoi na Rialacháin maidir le Glantaigh, athmhúnlú an Rialacháin i dtaobh Toiliú Feasach a Chur in Iúl Roimh Ré (PIC) agus an Treoir Seveso III nua. Ba é an Rialachán maidir le Glantaigh faoi úsáid fosfáite i dtáirgí níocháin tí an t-aon rialachán a cuireadh i gcrích agus a foilsíodh. Leanfar le caibidlíochtaí PIC agus Seveso III i 2012. Sa bhreis ar an obair seo, tugadh comhairle theicniúil do DJEI maidir le díospóireachtaí agus cinntí vótála i gCoiste Ailt 133 a bhain le roinnt beart, ar a n-áiríodh Rialacháin an Choimisiúin lena leasaíodh Iarscríbhinn XVII de REACH (substaintí CMR, démheitilfumarate, luaidhe, ábhair mearcair agus caidmiam), leasuithe ar Iarscríbhinn 1 d'Allmhairiú agus Onnmhairiú Ábhar Ceimiceach Contúirteach agus 3ú athchóiriú an Rialachán CLP.

**"Cuireadh 1,115 cigireacht sláinte ceirde agus 99 imscrúdú ábhar ceimiceach i gcrích i 2011."**

Cuireadh thart ar 1,115 cigireacht sláinte ceirde agus 99 imscrúdú ábhar ceimiceach i gcrích i 2011. Chuir cigirí sonraí cigireachta ar fáil faoi phríomhthopaicí, na cinn seo a leanas san áireamh: oibreáin cheimiceacha, REACH/CLP (m.sh. soláthar bileoga sonraí sábháilteachta, úsáid ábhar ceimiceach srianta, lipéadú mícheart, srl), radón, torann, creathadh, athbhreithnithe ráiteas sábháilteachta, bainistíocht sábháilteachta ghinearálta, deannach, aispeist agus oibreáin bhitheolaíocha. Níor próiseáladh ach 168 fógra aispeiste i 2011, figiúr inchurtha leis an 165 fógra a próiseáladh i 2010, rud a léiríonn an laghdú atá tagtha ar an ngníomhaíocht foirgníochta. Chomh maith leis sin, próiseáladh iomlán de 17 fógra oibreán bitheolaíoch. I dtéarmaí an fhorfheidhmithe, fuair 68% de ghnóthais a thug cigirí cuairt orthu comhairle scríofa ó na cigirí sin. Tugadh faoi bheart forfheidhmithe foirmiúil i gcás 4.5% de na láithreáin ar tugadh cuairt orthu (9 bhFógra Toirmisc agus 42 Fógra Feabhsúcháin).

Maidir le polasaí sláinteachais cheirde, tugadh chun críche agus foilsíodh Cód Cleachtais na nOibreán Ceimiceach 2011, a thrasuí an tríú liosta táscach de chuid an AE. Mar chuid de thionscnamh an Údaráis, Aire á Thabhairt do Ghnó, foilsíodh treoir measúnachta riosca um ábhair cheimiceacha d'FBManna dar teideal Céimeanna don tSábháilteacht Ceimiceán (Your Steps to Chemical Safety). Forbraíodh treoirlínte ar aispeist agus monatóireacht bhitheolaíoch mar aon le treoir agus foirm iarratais le haghaidh na Rialachán um Earraí Aispeiste 2011. Thairis sin, d'fhorbair an tÚdarás polasaí eatramhach maidir le tosca sannta cosanta le húsáid in earnáil na cógaisíochta.

Cuireadh 384 cigireacht **mórghuaise timpiste** (COMAH) agus REACH i gcrích i 2011 - seirbheáladh fógraí i 4% de chigireachtaí agus tugadh comhairle scríofa amach i 63% díobh. I gcúrsa na bliana, tugadh comhairle d'údaráis áitiúla phleanála agus don Bhord Pleanála faoi 243 iarratas ar Phleanáil Úsáide Talún (PÚT) agus foilsíodh comhairle chineálach PÚT ar an suíomh Gréasáin den chéad uair. D'fhreastail baill foirne an Údaráis ar 11 Chleachtadh Pleanála Éigeandála Sheachtracha faoi na Rialacháin COMAH. Próiseáladh agus síníodh iomlán de 10 dTuairisc Sábháilteachta Seveso II (tuairiscí nua agus tuairiscí nuashonraithe araon) agus bhí athbhreithniú á dhéanamh ar 14 thuairisc eile ag deireadh na bliana.

Ghlac an tÚdarás páirt sa tionscadal REF-2, comhordaithe ag an AE, ar fhorfheidhmiú dhualgais na n-úsáideoirí iartheachtacha agus na daoine a dhéanann foirmlí a ullmhú, agus i dtreoirthionscadal na Ríochta Aontaithe maidir le srianta REACH. Ina theannta sin, rinneadh roinnt cigireachtaí faoin Acht um Shuiteálacha Amach ón gCósta, agus ghlac baill foirne an Údaráis páirt i roinnt cleachtaí um pleanáil éigeandála agus i roinnt cruinnithe le páirtithe leasmhara ábhartha.

I réimse an **iompair earraí contúirteacha** (ADR), díríodh go háirithe i 2011 ar fhoilsiú na Rialacháin ADR/TPE. Tosaíodh ar threoir a fhorbairt don earnáil FBM maidir le ceanglais ADR agus TPE agus nuashonraíodh agus foilsíodh treoir do Chomhairleoirí Sábháilteachta um Earraí Contúirteacha (CSEC). Chomh maith leis sin, cuireadh raon foilseachán ar fáil i dteannta an tionscnaimh Aire á Thabhairt do Ghnó. Rinneadh ceadú amháin, 3 dhíolúine agus 4 chomhaontú iltaobhacha a shíniú agus a fhoilsiú freisin. De réir dualgas reachtúil faoin ADR, rinneadh gach uile sholáthraí oiliúna tiomána ADR a mheas agus a athcheadú, 5 sholáthraí ar an iomlán, agus rinneadh soláthraí oiliúna tiomána nua amháin a mheas agus a cheadú. Cuireadh teastas oiliúna tiomána ADR nua i ngníomh a úsáideann córas cárta creidmheasa níos sláine, a chuirfidh feabhas ar an tslándáil maidir le mí-úsáid teastas oiliúna agus a chuirfidh éifeachtúlachtaí i bhfeidhm maidir leis an bpróiseas riaracháin.

**"Lean an tÚdarás de cheannaireacht phragmatach agus phraiticiúil a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm an rialachán CLP."**

Buaicphointe a bhí ann don Údarás i mí Aibreáin 2011 nuair a **d'óstaigh sé Geert Dancet, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)**. Le linn a chuairte, bhuail an tUasal Dancet leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, le príomhoifigigh na Roinne, le baill foirne an Údaráis, le hÚdaráis Inniúla eile agus le roinnt páirtithe leasmhara REACH. Thug sé moladh d'Éireann as a gealltanas agus as an obair atá déanta aici ar son REACH agus CLP agus d'iarr sé ar an Údarás fanacht gníomhach agus gnóthach sa todhchaí.Dhírigh an tÚdarás ar agus d'oibrigh sé ar mhaithe fós leis na cláir REACH, CLP, Onnmhairithe-Allmhairithe agus Glantach faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, cé gur cuireadh an-bhrú faoi dheireadh na bliana ar na baill foirne a bhí ag obair sna réimsí seo mar gheall ar laghduithe foirne.

Bhain mórchuid den obair a rinneadh maidir le REACH le feidhmeanna na mBallstát (BS) i taca le **measúnacht substaintí agus le haithint substaintí ardchúraim**. Baineadh príomhchuspóir amach maidir le hobair a dhéanamh sa todhchaí mar bhallstát (BS) i dtaca le REACH agus CLP nuair a bhfuarthas rochtain ar REACH-TF agus nuair a d'éirigh linn iniúchóireacht sheachtrach ar cheanglais slándála an ECHA a chomhlíonadh. Maidir le measúnacht substaintí, d'oibrigh Éire, gach uile BS eile agus an ECHA as lámha a chéile chun an chéad Phlean Gníomhaíochta Rollach an Chomhphobail (PGRCh) a fhorbairt. Chomh maith leis sin, chomhlíon an tÚdarás, mar BS, na ceanglais ar fad maidir le Fógraí um Shubstaint Nua (FSNanna) a bhí fágtha (Alt 135 de REACH). De thoradh sin, ní liostófar substaint FSN Éireannach ar bith sa PGRCh a fhoilseofar ag deireadh mí Feabhra 2012. In éineacht le comhpháirtithe san Ísiltír, rinneadh roinnt substaintí a scagadh chun a fháil amach an tsubstaint ardchúraim a bhí ann agus í a chur ar an liosta de shubstaintí féideartha ardchúraim. Tacaíodh le hobair an ECHA maidir le measúnacht sainchomhad - rinneadh athbhreithniú ar 43 dréacht-chinneadh togra tástála, cuireadh 4 thogra isteach lena leasú agus rinneadh athbhreithnithe teoranta ar sheiceálacha comhlíontachta. Maidir le comhairliúcháin phoiblí nó iarratais ECHA ar athbhreithniú, cuireadh isteach go díreach ag an Údarás a chuid tráchtanna ar 14 thogra aicmithe agus lipéadaithe chomhchuibhithe, ar 2 thogra sriantachta agus ar 28 togra Iarscríbhinne XV SVHC. Ní chuirtear san áireamh sna haighneachtaí sin na hathbhreithnithe agus na tráchtanna ar fad a cuireadh isteach agus páirt á glacadh aige i gcoistí an ECHA.

Dhírigh an tÚdarás arís eile i 2011 ar an tacaíocht polasaí ar leibhéal AE agus idirnáisiúnta maidir le **haicmiú agus lipéadú** agus ar fhorbairtí ar an gCóras Comhchuibhithe Domhanda (GHS). Lean an tÚdarás de cheannaireacht phragmatach agus phraiticiúil a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm an rialachán CLP agus d'fhorbairt a dhéanamh go díreach agus i gcomhar le comhghleacaithe i mBallstáit eile ar

an GHS ag Fochoiste Saineolaithe na Náisiún Aontaithe ar GHS (Córas Comhchuibhithe Domhanda um Cheimiceáin a Aicmiú agus a Lipéadú).

Ní foláir don Údarás páirt a ghlacadh i **gcoistí agus i ngrúpaí oibre an Choimisiúin agus an ECHA** ina ról mar Údarás Inniúil (ÚI) agus cuireann sé seo ar a chumas polasaithe a fhorbairt ar son na hÉireann agus gnóthas Éireannach. I 2011, lean an tÚdarás de bheith rannpháirteach i bpríomhchoistí an ECHA (Ballstát, Measúnacht Riosca, Anailís Shocheacnamaíoch agus an Fóram um Fhorfheidhmiú, mar aon leis an ngrúpa HelpNet ar dheasca cabhrach REACH/CLP), áit ina gcuireann saineolaithe agus rannpháirtithe go mór le forbairt polasaithe REACH agus CLP agus ina dtacaíonn siad le próiseas cinnteoireachta an AE maidir le hábhair cheimiceacha. Glacadh páirt ghníomhach fós i CARACAL (an tÚdarás Inniúil REACH agus CLP) agus ina fhoghrúpaí ar nana-ábhair agus CLP. Thacaigh an grúpa nana-ábhar le trí threoirdhoiciméad a chríochnú faoi conas ba chóir déileáil le nana-ábhair faoi REACH agus le foilsiú chumarsáid an Choimisiúin maidir le sainmhíniú ar nana-ábhair. Chuir an foghrúpa CLP le caibidlíochtaí ar an 4ú Leasú ar Rialachán CLP, a chuirfidh roinnt critéar nua i ngníomh, a tugadh isteach ag GHS.

Mar Údarás Náisiúnta Ainmnithe do **Rialachán Rotterdam (PIC)**, ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i ngrúpaí oibre ábhartha an AE. Chomh maith leis sin, chomhlíon sé a chuid dualgas agus oibleagáidí náisiúnta maidir le próiseáil fógraí onnmhairithe agus toilithe fhollasaigh, le méid mór ama caite agus dian-iarracht déanta aige cinntiú nár cuireadh míbhuntáiste ar thionscal na hÉireann agus earraí á n-onnmhairiú chuig tríú tíortha.

**"Thug an tÚdarás freagra tapa ar cheisteanna curtha ag an tionscal, ceisteanna atá ag éirí níos coimpléascaí i gcónaí."**

Dhírigh an tÚdarás ar an **tseirbhís do chustaiméirí** fós i 2011 agus thiomnaigh sé di. D'óstaigh an tÚdarás an deasc cabhrach náisiúnta ar REACH agus CLP agus thug sé freagra tapa ar cheisteanna curtha ag an tionscal, ceisteanna atá ag éirí níos coimpléascaí i gcónaí. Comhdhlúthaíodh na deasca cabhrach REACH agus CLP le réimsí freagrachta eile ionas go mbeadh pointe teagmhála ábhar ceimiceach amháin **(chemicals@hsa.ie)** ag custaiméirí. Chuathas i gceann iomlán de 791 iarratas ar fhaisnéis agus 120 gearán i gcúrsa na bliana. Bhí na hiarratais sin comhdhéanta de 317 fiosrúchán REACH agus 109 fiosrúchán CLP. Reáchtáladh feachtas roimh an spriocdháta i mí an Mheithimh chun a chur chun cinn an fógra Comhaireamh chuig Substaint san Airteagal (Countdown to Substance in Article). Bhí leathanaigh Idirlín a bhain le hábhair cheimiceacha i measc rogha 10 na leathanach ar tugadh cuairt orthu ar shuíomh Gréasáin an Údaráis agus lean ríomhfheasacháin, nuashonruithe ciorclaíochta r-phoist agus seimineáir eagraithe in éineacht le nó ar son páirtithe leasmhara (IBEC, OSHI, Informa, NISO agus Údaráis Áitiúla) de bheith ina n-acmhainn agus ina ndeis úsáideach do chustaiméirí agus do rialtóirí araon. I rith na bliana, tháinig an tÚdarás agus roinnt cuideachtaí aonaracha agus eagraíochtaí páirtithe leasmhara le chéile freisin chun substaintí áirithe nó saincheisteanna is ábhair cúraim a phlé.

Príomhthosaíocht ab ea an **nuálaíocht** freisin i 2011 nuair a reáchtáladh seimineáir do na hÚdaráis Áitiúla mar aon le seisiúin bunaithe ar an nGréasán agus tá sé beartaithe seirbhís den chineál seo a chur ar fáil ar bhonn leanúnach. Buíochas leis an gcomhar agus comhordú le rialtóirí eile agus le páirtithe rialtais, shínigh an tÚdarás Meabhráin Tuisceana (MTanna) nua agus nuashonraithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (REACH agus CLP), An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (Radón) agus An Bord Pleanála (Pleanáil Úsáide Talún). Cabhróidh comhaontú roinnte sonraí leis na Coimisinéirí Ioncaim, leis an obair a dhéantar ar fhaireachán margaidh na n-ábhar ceimiceach. Chomh maith leis sin, rinneadh obair bhreise ar nuashonrú an MT leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER). I gcúrsa na bliana 2011, ghlac ionadaithe an Údaráis páirt sa Ghrúpa Straitéise Náisiúnta ar Radón, sa Choiste um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (GMO) de chuid na nGníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus i ngrúpaí idir-rannacha ar Airm Ollscriosta agus ar Ábhair Cheimiceacha.

Go hachomair, chuir an tÚdarás clár sábháilteachta um ábhair cheimiceacha ar fáil a bhí fócasaithe, éifeachtach agus éifeachtúil, clár a bhí bunaithe ar an gcomhar agus ar an gcomhoibriú le páirtithe náisiúnta agus Eorpacha agus é mar chuspóir aige tionscal na n-ábhar ceimiceach inbhuanaithe agus sábháilte a chinntiú in Éirinn.

Tá sonraí breise le fáil sa Tuairisc um an Acht Ceimiceán (Aguisín G a ghabhann leis an tuarascáil seo) ar ghníomhaíochtaí an Údaráis.

# Gníomhartha i 2011 – Clár Seirbhísí Corparáideacha

I rith na bliana 2011, d'oibrigh an tÚdarás go príomha ar chórais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chabhródh le héifeachtúlacht agus le héifeachtúlacht chostais na ngníomhaireachta a fheabhsú agus a chuirfeadh ar a cumas oibriú le níos lú acmhainní sa todhchaí.

Socraíodh spriocanna dúshlánacha don Údarás i leith **laghduithe foirne agus buiséid**. I rith na bliana 2011, tháinig laghdú ar leibhéil foirne ó 185.1 coibhéis lánaimseartha (CLA) i dtús na bliana go dtí 177.2 CLA ar 31ú Nollaig, leibhéil a bhí i bhfad níos ísle ná an sprioc 184 CLA a bhí sonraithe sa chreat rialaithe fostaíochta (CRF).

Ní foláir forbairt ghairmiúil a chur ar fáil go leanúnach do na baill foirne le go mbeidh an tÚdarás in ann a chuid seirbhísí do chustaiméirí a chur ar fáil ar bhealach solúbtha agus inniúil. Aithníodh an tÚdarás mar fhostóir creidiúnaithe ag Engineers Ireland Teoranta, rud a thaispeánann an bhéim leanúnach a chuirtear ar fhorbairt ghairmiúil na mball foirne againn agus cáilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil do chustaiméirí.

Trí pholasaí an Údaráis a chur chun cinn lena ndéantar cúram den fhreastal agus trí sheirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na baill foirne againn, laghdaíodh leibhéil asláithreachta de bharr breoiteachta go suntasach - tháinig laghdú 19% ar líon iomlán na laethanta a cailleadh i 2011 i gcomparáid le leibhéil na bliana 2010. Tháinig laghdú ó 3.30% i 2010 go dtí 2.79% i 2011 ar an ráta aga dhíomhaoin.

**"Laghdaíodh leibhéil asláithreachta de bharr breoiteachta go suntasach - tháinig laghdú 19% ar líon iomlán na laethanta a cailleadh i 2011 i gcomparáid le leibhéil na bliana 2010."**

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le faisnéis airgeadais fheabhsaithe a sholáthar do choinneálaithe buiséid. Sábháladh €728,000 ar an iomlán ar chomhbhuiséid íocaíochta agus neamhíocaíochta agus chomhlíon an tÚdarás na ceanglais a rialaíonn soláthar agus an t-íoc pras cuntas.

D'fhaomh an Bord **Ráitis Airgeadais** 2010 de chuid an Údaráis, gan athrú ábhartha ar bith a bheith tagtha orthu, i mí an Mhárta 2011 agus rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste iniúchadh seachtrach orthu i rith na bliana. Thug Iniúchóirí Inmheánacha an Údaráis ceithre thuairisc iniúchóra inmheánaigh chun críche, agus bhí torthaí sásúla orthu.Reáchtáladh cruinnithe go rialta ag an mBord Airgeadais (7 gcruinniú) agus ag na Coistí Iniúchóra (5 chruinniú).

Cuireadh **clár um nuachóiriú** uileghabhálach le chéile, le cabhair ó na baill foirne, chun a chur ar chumas an Údaráis oibriú .le soláthar foirne agus le buiséid laghdaithe. Buíochas leis an gclár seo, sábháladh a lán airgid agus baineadh éifeachtúlachtaí suntasacha amach maidir le conas a chuirtear seirbhísí ar fáil ag an Údarás. Caomhnaíodh caidreamh tionsclaíoch cobhsaí trí dhul i gcomhairle go rialta leis na baill foirne tríd an gComhairle um Chaidreamh Tionsclaíoch agus trí Fhóraim Comhpháirtíochta. D'iarr an Roinn orainn nuashonruithe ar ár bplean forfheidhmithe do Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh a chur in iúl di. Cuireadh na nuashonruithe sin faoina bráid mar aon le haighneacht an Údaráis chuig Athbhreithniú Caiteachais Uileghabhálach a d'eagraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.



Baineadh sochair amach i réimsí **cóiríochta agus saoráidí** difriúla trí chóiríocht oifige réigiúnach agus seirbhísí glantacháin áirithe a athchumrú. Cuireadh na hathruithe seo i bhfeidhm go rianúil buíochas go mór le hionchur na mball foirne.

Cuireadh roinnt **tionscadal TFC** i gcrích i 2011, lena n-áirítear bearta slándála feabhsaithe a chur i bhfeidhm a ndearnadh iniúchóireacht sheachtrach orthu. Rinneadh an-chuid oibre ar shonrú, ar thairiscint agus ar chur i gcrích an fheidhmchláir BíCLISTE, feidhmchlár atá an-rathúil, gan an buiséad a shárú agus sceideal an-docht á chomhlíonadh. Suiteáladh córas teileafóin nua um prótacal Idirlín don ghuthú le naisc theileachumarsáide níos fearr le haghaidh líonra an Údaráis. Cuireadh tús le tionscadal bainistíochta eolais a chuirfear i gcrích i 2012, agus a chuirfidh feabhas ar stóráil, ar aisghabháil agus ar an gcomhroinnt faisnéise laistigh den Údarás.

**"Rinneadh an-chuid oibre ar shonrú, ar thairiscint agus ar chur i gcrích an fheidhmchláir BíCLISTE, feidhmchlár atá an-rathúil, gan an buiséad a shárú agus sceideal an-docht á chomhlíonadh."**

D'fhoilsigh an tÚdarás **faisnéis staitistiúil** mhionsonraithe ar ghortuithe agus ar bhreoiteachtaí a bhaineann le hobair sa tuairisc bhliantúil staitisticí aige. Fuair an tÚdarás líon suntasach iarratas ar staitisticí ó dhaoine den phobal agus tugadh freagra ar na hiarratais sin laistigh de sprioc-amanna comhaontaithe. Forbraíodh tuairiscí staitistiúla freisin le húsáid go hinmheánach ag baill foirne polasaí agus cigireachta agus cuireadh na tuairiscí sin ar fáil, laistigh d'amlínte práinneacha, le haghaidh eisiúintí preasa agus fhreagairtí na Roinne ar cheisteanna parlaiminteacha. Chloí an tÚdarás le ceanglais dhlíthiúla maidir le tuairisciú sonraí ar leibhéal Eorpach trí chomhad sonraí a chur isteach faoin 30 Meitheamh 2011 ar na gortuithe go léir a tuairiscíodh don bhliain thagartha ábhartha.

Ullmhaíodh na **doiciméid chorparáideacha** ar fad agus cuireadh isteach iad de réir ceanglas reachtaíochta, ar a n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis 2010, tuairiscí ráithiúla agus an Clár Oibre 2012. Tosaíodh ar Straitéis an Údaráis 2013-2015 a fhorbairt. Cuirfear an dréacht-straitéis faoi bhráid an Aire roimh 30 Meán Fómhair 2012.

Ullmhaíodh **measúnachtaí tionchair** le haghaidh tograí rialála a bhaineann le tuairisciú gortuithe agus breoiteachtaí agus le fostaithe a chosc ar ghortuithe earraí géara. Le linn na measúnachtaí seo, déantar machnamh ar an rogha reachtach is iomchuí chun leibhéil chosanta níos fearr a chur i bhfeidhm. Ag an am céanna, cuirtear costais agus sochair ghnó san áireamh.





AN tÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

# Tuairiscí Airgeadais

’11

# Tuairiscí Airgeadais agus Cuntais Neamhiniúchta[1]

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann bhaill de Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta glacaim lenár bhfreagracht a chinntiú go gcoinneofar agus go n-oibreofar córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Ní cinnteacht iomlán atá sa chóras ach cinnteacht réasúnach go mbíonn sócmhainní slán, go mbíonn idirbhearta ceadaithe agus cuntas ceart coimeádta orthu agus go n-aithnítear nó go ndéantar neamhrialtachtaí nó earráidí ábhartha a chosc go pras.

## Nósanna Imeachta Rialaithe Ríthábhachtacha

Tá bearta déanta ag an Údarás le cinntiú go bhfuil caighdeáin chuí rialála i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus beart ceartaitheach cuí a chinntiú;
- Próiseas a bhunú chun sócmhainní an Údaráis a chosaint;
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar fud gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis curtha ar bun ag an Údarás chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair an Údaráis a shainaithint, ar a n-áirítear méid agus catagóirí an riosca a mheasann sé a bheith inghlactha;
- Dóchúlacht na rioscaí aitheanta a mheas;
- Measúnacht a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a bheidh ann a bhainistiú agus a mhaolú;
- Measúnacht a dhéanamh ar chostais rialaithe ar leith a fheidhmiú i gcomhréir leis an sochar a bhaintear astu;
- Obair go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla lena cinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ar spriocanna an Údaráis agus tacaíocht do na straitéisí chun na spriocanna seo a bhaint amach.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin ar a n-áirítear leithscaradh dualgas agus ar chóras tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear air seo go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann Bord an Údaráis athbhreithniú agus comhaontú air;
- Athbhreithnithe rialta ag an Údarás ar thuairiscí airgeadais tréimhseacha agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhfhaisnéisí;
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- Treoirlínte ceannaigh agus faofa atá sainmhínithe go soiléir;
- Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

[1] Chuir an tÚdarás a chuid cuntas neamhiniúchta faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) mar a fhoráiltear leis an Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Ní raibh obair iniúchta an ARC&C críochnaithe acu faoi uair an fhoilsithe agus tugtar 'neamhiniúchta' mar theideal ar na cuntais dá bharr.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás, a oibríonn i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh i mí an Mheithimh 2009. Braitheann obair an iniúchta inmheánaigh ar an anailís a dhéantar ar an riosca faoina mbíonn an comhlacht, agus bíonn pleananna iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúchóireachta an anailís ar an riosca agus ar na pleananna iniúchóra inmheánaigh agus ceadaíonn an tÚdarás iad. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, cuirfidh an tIniúchóir Inmheánach tuairisc faoi bhráid an Údaráis ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí. Áireofar ar an tuairisc seo tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le cumas agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ar an gCoiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ar an gCoiste Feidhmiúcháin laistigh den Údarás a bhfuil freagracht air as forbairt agus as cothabháil na creata rialaithe airgeadais, agus ar na tuairimí a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuairiscí eile.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Déanann Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus ansin cuirtear tuairisc fhoirmiúil faoi bhráid an Bhoird. Tá athbhreithniú foirmiúil déanta ag an mBord ar a rialuithe inmheánacha airgeadais i rith 2011.

Thar ceann an Bhoird.

*Michael Horgan*

Cathaoirleach
Márta 2012



# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Ceanglaíonn Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i gcibé foirm a cheadaíonn an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta tar éis dó/di dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ansin go comhsheasmhach;
- Breitheanna a thabhairt agus réamh-mheastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leanúnaigh ach amháin mura mbíonn sé cuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú;
- Sonrú gur leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon neamhchomhlíonadh ábharthach a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Bíonn an tÚdarás freagrach as leabhair chuntasaíochta chearta a choimeád a nochtann staid airgeadais an Údaráis le cruinneas réasúnta ag aon uair ar leith agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Bíonn an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

*Michael Horgan*
Cathaoirleach

*Des Mahon*
Ball



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

# Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2011

### 1. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh cuntasaíochta fabhraithe agus de réir prionsabal a mbíonn inghlactha go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

### 2. Sóchmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar caiteachas ar shócmhainní seasta inláimhsithe os cionn €1,000 a chaipitliú.

Déantar costais fhorbartha bogearraí ar chórais mhóra a dhíscríobh thar thréimhse 10 mbliana ón dáta a cuireadh i bhfeidhm iad.

Ríomhtar dímheas ar bhonn líne dírí mar seo a leanas:-

| | |
|---|---|
| Troscán agus Trealamh Oifige | 20% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 33.33% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Eolaíochta | 20% in aghaidh na bliana |
| Daingneáin agus Feisteas | 10% in aghaidh na bliana |
| Forbairt Bogearraí | 10% in aghaidh na bliana |

### 3. Stoic

Níl aon ghlanluach inréadaithe ag stoic d'fhoilseacháin ar láimh agus ní fhéachtar orthu mar shócmhainní.

### 4. Cuntas Caipitil

Is éard atá sa chuntas caipitil ná luach neamhamúchta dheontais an Oireachtais a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

### 5. Aithint Ioncaim

Tugann Deontais an Oireachtais, a thaispeántar sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, léiriú ar na méideanna a fuarthas ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (DJEI) le linn na bliana faoi chaibidil.

### 6. Airgeadraí Eachtracha

Cuimsíonn Ioncam agus Caiteachas na bliana idirbhearta a sonraíodh in airgeadraí eachtracha agus a tiontaíodh ina euro ag gnáthrátaí i rith na bliana.

### 7. Aoisliúntas

Oibríonn an tÚdarás scéim pinsean le sochar sainithe neamhchistithe a chistítear go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear as airgead atá ar fáil chuici, ar a n-áirítear airgead a sholáthraíonn an DJEI.

Léiríonn costais phinsean na sochair phinsean atá saothraithe ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean foirne a aisíoctar leis an DJEI de réir shocruithe airgeadais an Údaráis. Aithnítear mar ioncam méid a fhreagraíonn don táille pinsin sa mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála agus fritháirithe ag deontais a fuarthas le linn na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a éiríonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón DJEI.

Is ionann dliteanais phinsean agus luach reatha íocaíochtaí pinsean sa todhchaí faoi mar atá siad saothraithe ag an bhfoireann go dtí seo. Is ionann an cistiú iarchurtha pinsean agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil ón DJEI i dtréimhsí amach anseo.

# Dréacht-Ráitis Airgeadais

**Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2011**

| **IONCAM** | **NÓTAÍ** | **2011 €** | **2010 €** |
|---|---|---|---|
| Deontais an Oireachtais | 1(a) | 19,968,000 | 19,984,000 |
| Glanchistiú iarchurtha do phinsin | 9(c) | 3,402,000 | 4,732,000 |
| Asbhaintí fostaithe inaisíoctha le DJEI | | (660,000) | (700,000) |
| Ioncam Eile | 1(b) | 301,314 | 298,882 |
| Fo-iomlán | | 23,011,314 | 24,314,882 |
| Aistriú ó chuntas caipitil | 2 | 74,945 | 274,750 |
| | | 23,086,259 | 24,589,632 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Costais tuarastal | 3 | 11,569,179 | 11,838,568 |
| Costais phinsean | 9(a) | 3,809,000 | 4,997,000 |
| Costais riaracháin eile | 5 | 7,221,158 | 7,441,173 |
| | | 22,599,337 | 24,276,741 |
| Barrachas oibriúcháin don bhliain | | 486,922 | 312,891 |
| Barrachas carntha ar an 1 Eanáir | | 1,036,657 | 723,766 |
| Barrachas carntha ar an 31 Nollaig | | 1,523,579 | 1,036,657 |

Baineann na torthaí don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha.

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

*Michael Horgan*

Cathaoirleach

*Des Mahon*

Ball

**Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2011**

| | NÓTAÍ | 2011 € | 2011 € | 2010 € | 2010 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Barrachas don bhliain airgeadais | | | 486,922 | | 312,891 |
| | | | | | |
| Athruithe ar thoimhdí achtúireachaatá faoi bhun an luacha reatha de dhliteanais scéime | | 2,340,000 | | (5,452,000) | |
| (Gnóthachain)/Caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsean | 9(d) | (1,718,000) | | (7,847,000) | |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsean | 9(b) | | 622,000 | | (13,299,000) |
| Coigeartú ar Phinsean Iarchurtha Iarchurtha | | | (622,000) | | 13,299,000 |
| Gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain | | | 486,922 | | 312,891 |
| | | | | | |

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

**Clár Comhardaithe ar 31 Nollaig 2011**

| | NÓTAÍ | 2011 € | 2011 € | 2010 € | 2010 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | 6 | | 504,497 | | 579,442 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 7 | 1,556,188 | | 1,075,384 | |
| Iarmhéideanna bainc agus airgid | | 713,857 | | 545,019 | |
| | | 2,270,045 | | 1,620,403 | |
| | | | | | |
| **CREIDIÚNAITHE (dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | | | |
| Creidiúnaithe | 8 | 746,466 | | 583,746 | |
| | | 746,465 | | 583,746 | |
| Glansócmhainní reatha | | | 1,523,579 | | 1,036,657 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ ROIMH PHINSIN** | | | 2,028,076 | | 1,616,099 |
| Cistiú pinsean iarchurtha | 9(c) | | 48,357,000 | | 44,333,000 |
| Dliteanais Pinsean | 9(c) | | (48,357,000) | | (44,333,000) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | | 2,028,076 | | 1,616,099 |
| **Á IONANNÚ AG:** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | 2 | | 504,497 | | 579,442 |
| Barrachas Carntha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 1,523,579 | | 1,036,657 |
| | | | 2,028,076 | | 1,616,099 |

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

*Michael Horgan*
Cathaoirleach

*Des Mahon*
Ball



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

**Ráiteas Sreabhadh Airgid ar 31 Nollaig 2011**

| BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN A RÉITEACH LE GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| Barrachas oibriúcháin don bhliain | 486,922 | 312,891 |
| Gluaiseacht ar Chuntas Caipitil | (74,945) | (233,621) |
| Dímheas | 225,413 | 333,012 |
| Méadú ar Fhéichiúnaithe | (480,804) | (68,471) |
| Méadú ar Chreidiúnaithe | 162,720 | 138,432 |
| | | |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin | 319,306 | 482,243 |
| **Ráiteas Sreabhadh Airgid** | | |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin** | 319,306 | 482,243 |
| **Caiteachas Caipitiúil** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a fháil | (150,468) | (99,391) |
| **Méadú ar Airgead Tirim** | 168,838 | 382,852 |
| **Glansreabhadh airgid a réiteach le gluaiseacht i nglanchistí** | | |
| Méadú ar airgead tirim sa bhliain | 168,838 | 382,852 |
| Glanchistí ar 1 Eanáir | 545,019 | 162,167 |
| Glanchistí ar 31 Nollaig | 713,857 | 545,019 |
| **Anailís ar Athrú ar ghlanchistí** | **Airgead sa Bhanc agus ar €** | **láimhlomlán €** |
| Ag tús na bliana | 545,019 | 545,019 |
| Sreabhadh Airgid | 168,838 | 168,838 |
| Ag deireadh na bliana | 713,857 | 713,857 |
| | | |

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

| **1(a). Deontais an Oireachtais** | | **2011 €** | **2010 €** |
|---|---|---|---|
| | | 19,968,000 | 19,984,000 |
| | | | |
| **1(b). Ioncam Eile** | | **2011 €** | **2010 €** |
| Ioncam a bhaineann le cúrsa oiliúna tiománaithe | | 80,734 | 69,630 |
| SEVESO | | 23,109 | 44,882 |
| Fíneálacha – ADR (iompar earraí contúirteacha de bhóthar) | | 15,280 | 11,400 |
| Díol fhoilseacháin an Údaráis | | 50,126 | 45,063 |
| Ilghnéitheach (speansais seimineár, dlí, finné) | | 132,065 | 127,907 |
| | | | |
| | | 301,314 | 298,882 |
| **2. Cuntas Caipitil** | | **2011 €** | **2010 €** |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | | 579,442 | 854,192 |
| | | | |
| Iomlán na ndeontas a cuireadh chun feidhme chun Sócmhainní Seasta a cheannach | 150,468 | | |
| Amúchadh de réir dímheasa | (225,413) | | |
| Aistriú chuig Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (74,945) | (274,750) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | | 504,497 | 579,442 |
| **3. Costais Tuarastal** | | **2011 €** | **2010 €** |
| Ollthuarastail | | 10,730,660 | 11,017,540 |
| ÁSPC Fostóra | | 838,519 | 821,028 |
| Costais Iomlána Tuarastal | | 11,569,179 | 11,838,568 |
| **Tobhach pinsean** | | 758,594 | 766,312 |
| Baineadh € 758,594 ón bhfoireann tríd an tobhach pinsean agus íocadh leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta é | | | |
| *Líon Fostaithe* | | | |
| Gairmiúil/Teicniúil | | 126 | 135 |
| Riarachán | | 57 | 55 |
| | | 183 | 190 |
| **Príomhoifigeach Feidhmiúcháin - Tuarastal** | | **2011 €** | **2010 €** |
| Tuarastal | | 153,445 | 153,445 |

Fuair an POF aisghabháil €7,815 i 2011 ar speansais thaistil agus chothaithe.

Tá an POF ina bhall de scéim neamhchistithe shochair shainithe na hearnála poiblí agus ní théann a theidlíochtaí pinsean thar na teidlíochtaí caighdeánacha pinsean a bhaineann le scéim aoisliúntais shochair shainithe na hearnála poiblí.

## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

| 4. Táillí agus Speansais na mBall Táillí | | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|---|
| CathaoirleachMichael Horgan | | 11,970 | - |
| *Baill an Bhoird* | Marion Byron | 7,290 | 8,100 |
| | Dermot Carey | 7,290 | 8,100 |
| | Esther Lynch | 7,290 | 8,100 |
| | Eamon Devoy | 7,290 | 8,100 |
| | Dessie Robinson | 7,290 | 8,100 |
| | Mary Bohan | 7,695 | - |
| | Dan O'Connell | 7,695 | - |
| | John Byrne | 7,695 | - |
| | George Brett | 7,695 | - |
| | Des Mahon | 7,695 | - |
| | Francis Rochford * níor íocadh táillí ar bith le Francis Rochford toisc gur fostaí an DJEI é | | |
| | | 86,895 | 40,500 |

| Speansais | | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|---|
| Cathaoirleach | Michael Horgan | - | - |
| *Baill an Bhoird* | Marion Byron | - | - |
| | Dermot Carey | 1063 | 1,615 |
| | Esther Lynch | - | - |
| | Eamon Devoy | - | - |
| | Dessie Robinson | - | - |
| | Mary Bohan2689 | - | |
| | Dan O'Connell 2156 | - | |
| | John Byrne3057 | - | |
| | George Brett | 2990 | - |
| | Des Mahon | 4160 | - |
| | Francis Rochford * níor íocadh táillí ar bith le Francis Rochford toisc gur fostaí an DJEI é | | |
| | | 16,115 | - |

| 5. Riarachán | Nótaí | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|---|
| Cóiríocht | | 2,042,828 | 2,244,024 |
| Costais chumarsáide | | 307,628 | 516,758 |
| Taisteal & cothú | | 925,347 | 917,778 |
| Foilseacháin & margaíocht | | 1,419,795 | 888,542 |
| Seirbhísí dlí | | 109,758 | 312,240 |
| Taighde & comhairleacht | | 416,320 | 481,562 |
| Athbhreithniú ar phróiseas gnó | | 434,048 | 337,411 |
| Costais soláthar foirne | | 282,572 | 167,314 |
| Soláthairtí trealamh ginearálta | | 82,400 | 106,919 |
| Comhpháirtíocht sheachtrach | | 140,000 | 200,000 |
| Infheistíocht san fhoghlaim | | 154,287 | 186,176 |
| Costais teicneolaíochta | | 457,019 | 465,969 |
| Dímheas | | 225,413 | 333,012 |
| Táillí iniúchta inmheánaigh | | 34,263 | 33,199 |
| Táille Iniúchta sheachtraigh | | 15,510 | 15,510 |
| Táillí na mball | Nóta 4 | 85,635 | 93,600 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní | | - | 41,129 |
| Eile | | 88,334 | 100,030 |
| | | 7,221,158 | 7,441,173 |

## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

| 6. Sócmhainní Seasta | Daingneáin agus Feisteas € | Troscán agus Trealamh € | Trealamh Ríomhaireachta € | Trealamh Eolaíochta € | Forbairt Bogearraí € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2011 | 166,030 | 932,212 | 2,424,534 | 162,016 | 435,358 | 4,120,150 |
| Breiseanna sa bhliain | 6,224 | 7,483 | 136,762 | - | - | 150,468 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Ar 31 Nollaig 2011 | 172,254 | 939,695 | 2,561,297 | 162,016 | 435,358 | 4,270,619 |
| | | | | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2011 | 85,482 | 816,346 | 2,359,628 | 148,644 | 130,608 | 3,540,708 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Muirear don bhliain | 17,226 | 64,544 | 89,000 | 11,107 | 43,536 | 225,413 |
| Ar 31 Nollaig 2011 | 102,708 | 880,890 | 2,448,628 | 159,751 | 174,144 | 3,766,121 |
| | | | | | | |
| **Glanluach leabhar (GLL)** Ar 31 Nollaig 2011 | 69,546 | 58,805 | 112,669 | 2,265 | 261,214 | 504,497 |
| | | | | | | |
| Ar 31 Nollaig 2010 | 80,548 | 115,866 | 64,906 | 13,372 | 304,750 | 579,442 |

| 7. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 1,508,746 | 1,035,907 |
| Féichiúnaithe Eile | 47,442 | 39,477 |
| | 1,556,188 | 1,075,384 |

| 8. Creidiúnaithe | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe Trádála agus Speansas | 151,942 | 68,483 |
| Costais fhabhraithe | 315,262 | 285,566 |
| Creidiúnaithe Párolla | 279,262 | 229,697 |
| | 746,466 | 583,746 |

## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

| **9. Scéim Aoisliúntais agus Cóireáil Chuntasaíochta do Shochair Scoir** | **2011 €** | **2010 €** |
|---|---|---|
| **(a) Anailís ar iomlán na gcostas pinsean a muirearaíodh ar chaiteachas** | | |
| Costas seirbhíse reatha | 2,062,000 | 2,667,000 |
| Ús ar dhliteanais scéime pinsean | 2,407,000 | 3,030,000 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | (660,000) | (700,000) |
| | 3,809,000 | 4,997,000 |

| **(b) Gluaiseacht ar Ghlandliteanas Pinsean i rith na bliana airgeadais** | **2011 €** | **2010 €** |
|---|---|---|
| Easnamh ag tús na bliana | 44,333,000 | 52,900,000 |
| Costas seirbhíse reatha | 2,062,000 | 2,667,000 |
| Sochair íoctha | (1,067,000) | (965,000) |
| Costais seirbhíse san am atá thart | - | - |
| Costais úis | 2,407,000 | 3,030,000 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach | 622,000 | (13,299,000) |
| Glandliteanas pinsean ar 31 Nollaig | 48,357,000 | 44,333,000 |

**(c) Cistiú iarchurtha do phinsin**

Aithníonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta na suimeanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do phinsin. Is ar bhonn na dtoimhsí a sonraíodh thuas agus mar gheall ar roinnt eachtraí a tharla san am atá thart a aithnítear amhlaidh. Ar na heachtraí sin tá an tacaíocht reachtúil a tugadh don scéim aoisliúntais chomh maith le polasaí agus cleachtas maidir le cistiú pinsean seirbhíse poiblí, ar a n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta nach leanfaidh an polasaí cistithe seo de a bheith faoi chomhair suimeanna dá leithéid de réir cleachtais reatha. Bhí €48,357,000 (2010 €44,333,000) sa tsócmhainn chistithe iarchurtha ar 31 Nollaig 2011. Bunaítear cainníochtú an dliteanais ar na toimhdí airgeadais a leagtar amach sa nóta seo. Cuirtear an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar an eolas faoi na toimhdí airgeadais a úsáideadh, rud atá bunaithe ar chomhairle ghairmiúil achtúireach, ach ní dhéantar iad a chomhaontú go foirmiúil leis an Roinn.

| **Glanchistiú Iarchurtha** | **2011 €** | **2010 €** |
|---|---|---|
| Cistiú in-aisghabhála maidir le costais na bliana reatha pinsean | 4,469,000 | 5,697,000 |
| Deontas stáit curtha chun feidhme chun pinsinéirí a íoc | (1,067,000) | (965,000) |
| | 3,402,000 | 4,732,000 |

| **(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe** | **2011 €** | **2010 €** |
|---|---|---|
| (Gnóthachain)/Caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime | | |
| Méid (€) | (1,718,000) | (7,847,000) |
| Céatadán an luacha reatha de dhliteanais scéime | (3.6%) | (17.7%) |
| **Suim iomlán aitheanta sa Ráiteas ar (Ghnóthachain) agus Caillteanais Iomlána:** | 622,000 | (13,299,000) |
| % dliteanis | 61.3% | (30.0%) |
| | | |

## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

### (e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Oibríonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe neamhchistithe don fhoireann. Is as ioncam reatha a íoctar na teidlíochtaí aoisliúntais a éiríonn faoi na scéimeanna agus muirearaítear iad ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais foirne, sa bhliain a thagann siad chun a bheith iníoctha.
Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsean i ndáil le foireann reatha agus iarfhoireann an HSA ar an 31ú Nollaig 2011. Chun críche an chaighdeáin chuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 17 – Sochair Scoir (FRS 17), rinne achtúire cáilithe neamhspleách an luacháil seo.

Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh:

| | Ar 31/12/11 | Ar 31/12/10 | Ar 31/12/09 |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | 5.00% | 5.25% | 5.5% |
| Ráta méadaithe na dtuarastal | 3.50% | 3.50% | 4.0% |
| Ráta méadaithe na bpinsean | 3.25% | 3.25% | 4.0% |
| Boilsciú | 2.00% | 2.00% | 2.0% |

### (f) Meánionchas saoil iardain de réir na dtáblaí básmhaireachta a úsáidtear chun na dliteanais phinsean a shocrú

| | Fear 65 bliain d'aois | Bean 65 bliain d'aois |
|---|---|---|
| **Pinsinéirí reatha** | 21.0 | 23.9 |
| **Pinsinéirí a rachaidh ar scor 2031** | 23.8 | 25.8 |

### 10. Gealltanais faoi léasanna oibriúcháin

Ar 31 Nollaig 2011 bhí gealltanais bhliantúla ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe mar seo a leanas.

| | Talamh agus Foirgnimh |
|---|---|
| Léas Oibriúcháin a théann in éag: | € |
| I rith an dara go dtí an cúigiú bliain, go huile | 36,268 |
| Thar chúig bliana | 1,344,029 |

## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

### 11. Áitribh

Leagtar amach sa ráiteas táblach thíos sonraí faoi na hoifigí éagsúla atá áitithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. De bhreis ar na hoifigí sin, tá dhá aonad thionsclaíocha ag an Údarás i gContae Thiobraid Árann a úsáidtear chun earraí móra ábhar fianaiseach a stóráil a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil mar chuid de na himscrúduithe a dhéanann an tÚdarás. Tá Ceannoifig an Údaráis i mBaile Átha Cliath.

Léasaítear na háitribh ar fad ag an Údarás. Níl aon oifig ruílse ná áitreabh tionsclaíoch faoi úinéireacht ag an Údarás. Is le tiarnaí talún príobháideacha formhór na léasanna. I gCorcaigh agus i bPort Láirge, áfach, úsáideann an tÚdarás áitribh arna mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Déanann an tÚdarás athbhreithniú go rialta ar a gcuid oifigí ar fad chun a chinntiú go gcomhlíontar ár gceanglais leanúnacha oibriúcháin.



## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

### 11. Áitribh ar lean

**An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta**
| Na Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) (Úsáid Trealamh Oibre) | Athbhreithniú | *Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na Dréacht-Rialacháin ag Oifig na Comhairle Parlaimintí.* |
| Na Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tumadóireacht) | Athbhreithniú | *Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na Dréacht-Rialacháin ag Oifig na Comhairle Parlaimintí.* |
| Na Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Mianaigh) | Nua/athbhreithniú | *Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na Dréacht-Rialacháin ag Oifig na Comhairle Parlaimintí.* |
| Na Rialacháin um an Acht Ceimiceán (Rialachán CLP), 2011 (IR Uimh. 102) | Nua | *Tháinig na rialacháin seo i bhfeidhm ar 1ú Márta 2011* |
| Na Rialacháin Ceimiceán (Earraí Aispeiste), 2011 (IR Uimh. 248) | Nua | *Tháinig na rialacháin seo i bhfeidhm ar 31ú Bealtaine 2011* |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brú-Threalaimh Iniompartha), 2011 (IR Uimh. 349) | Nua | *Tháinig na rialacháin seo i bhfeidhm ar 1ú Iúil 2011* |
| Na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Mhiondíola agus Phríobháideacha), 2011 (IR Uimh. 712) | Athbhreithniú | *Tháinig na rialacháin seo i bhfeidhm ar 22ú Nollaig 2011* |



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

# Aguisín D: Clár um Fhorbairt Cóid Chleachtais 2011

| Cód Cleachtais | Stádas |
|---|---|
| Cód Cleachtais maidir le Sábháilteacht sa Díonadóireacht | *Arna tháinig i ngníomh ar 1 Meán Fómhair 2011* |
| Cód Cleachtais don Tionscal Dugaí | *Tugadh an comhairliúchán poiblí i gcrích ar 4 Lúnasa 2011* |
| Cód Cleachtais d'Fhostóirí a bhfuil Triúr Fostaithe nó Níos Lú Acu san Iascaireacht Chladaigh | *Tugadh an comhairliúchán poiblí i gcrích ar 19 Lúnasa 2011* |
| Cód Cleachtais maidir le hOibríochtaí Tumadóireachta Intíre/Cladaigh agus Easchósta | *Le tabhairt chun críche tar éis shocrú dlíthiúil foirmiúil nan*Dréacht-Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair *(Tumadóireacht)* |
| Cód Cleachtais 2011 maidir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha), 2001 | *Arna tháinig i ngníomh ar 5 Nollaig 2011* |



# Aguisín E:
# Treoirábhair Foilsithe i 2011

| Treoirthopaic | Treoirtheideal |
|---|---|
| Talmhaíocht | *Láimhsiú sábháilte ar an bhfeirm – Treoirbhileog*<br>*Láimhsiú sábháilte ar an bhfeirm – Bileog faisnéise* |
| Foirgníocht | *Úsáid shábháilte na ndumpairí ar láithreáin foirgníochta – Bileog faisnéise*<br>*Dumpaire Láithreáin agus Tochaltóir 360 – Seicliosta réamhthosaithe*<br>*SSWP – Obair a Dhéanamh i Reiligí* |
| Oideachas | *Daoine óga a chosaint ag an obair (5ú Eagrán)*<br>*Daoine óga ag an obair agus timpistí san ionad oibre (6ú Eagrán)* |
| Cúram sláinte | *Treoir faoi bhainistiú láimhsithe sa chúram sláinte*<br>*Eitinn: Oibrithe cúram sláinte a chosaint ar nochtadh san ionad oibre – Bileog faisnéise*<br>*Galar na Léigiúnach a rialú i suíomhanna cúram sláinte – Bileog faisnéise*<br>*Treoir faoin obair aonair san earnáil cúram sláinte*<br>*Cosc ar ghortuithe earraí géara sa chúram cláinte – Bileog Faisnéise*<br>*Ardaitheoirí othar – Bileog faisnéise* |
| Sláinte Cheirde | *Meiscigh ag an obair – Bileog faisnéise*<br>*Strus a bhaineann le hobair – Bileog faisnéise d'fhostaithe*<br>*Strus a bhaineann le hobair – Treoir d'fhostóirí*<br>*Treoirlínte Monatóireachta Bitheolaíocha – Treoirbhileog* |
| Ábhair Cheimiceacha/ADR | *Céimeanna don tSábháilteacht Ceimiceán – TreoirbhileogDualgais Dáileoirí Ábhar Ceimiceach faoi REACH agus CLP – Bileog faisnéise*<br>*Moladh Eatramhach Polasaí faoi Thosca Sannta Cosanta le haghaidh Análaitheoirí Aersholáthair nó Cumhachta – Bileog faisnéise*<br>*Tuairisc ar na Príomhathruithe ar an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) don eagrán 2011*<br>*Na Rialacháin maidir le hIompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar / ADR – Treoir faoi Chomhairleoir Sábháilteachta Earraí Contúirteacha a cheapadh – Treoirbhileog*<br>*Treoirnóta maidir leis an gcomhartha Substaint atá Guaiseach don Chomhshaol a ghreamú d'earraí contúirteacha a n-iompraítear faoi cheanglais ADR – Bileog faisnéise*<br>*Fógra Tionscail le haghaidh Aicmiú Ola Breosla faoi ADR – Bileog faisnéise* |

| Treoirthopaic | Treoirtheideal |
|---|---|
| Aire á Thabhairt do Ghnó | *Trealamh scáileán taispeántais – Bileog faisnéise*<br>*Leictreachas – Bileog faisnéise*<br>*Tine – Bileog faisnéise*<br>*Láimhsiú – Bileog faisnéise*<br>*Cothabháil – Bileog faisnéise*<br>*Sciorrthaí, tuislí agus titimí – Bileog faisnéise*<br>*Iompar ionad oibre – Bileog faisnéise*<br>*Obair ar airde / nithe ag titim – Bileog faisnéise* |
| Feithicil a Bhaineann le hObair Sábháilteacht | *Seicliosta Réamhúsáide agus Póstaer d'Oibreoirí Forcardaitheora*<br>*Oibreoirí Forcardaitheora – Seicliosta agus póstaer*<br>*Slándáil ualaigh – Bileog faisnéise*<br>*Tiománaí veain – Seicliosta seachtrach*<br>*Tiománaí bus – Seicliosta seachtrach*<br>*Tiománaí HGV – Seicliosta seachtrach* |



# Aguisín F: Fochoistí an Bhoird agus Coistí Comhairleacha 2011

### Fochoiste Reachtaíochta agus Treorach an Bhoird

- George Brett (Cathaoirleach)
- Marian Byron
- Dermot Carey
- Esther Lynch
- Mary Bohan
- Eamonn Devoy (malartach)

### Fochoiste Airgeadais an Bhoird

- Des Mahon (Cathaoirleach)
- Dan O'Connell
- Dessie Robinson

### Fochoiste Iniúchóireachta an Bhoird

- Des Mahon (Cathaoirleach)
- Dermot Carey
- Dan O'Connell
- Dessie Robinson

### Fochoiste an Bhoird um Athbhreithniú Straitéiseach agus Forfheidhmiú

- Micheal Horgan (Cathaoirleach)
- Francis Rochford
- Marian Byron
- Eamon Devoy
- George Brett

### Coiste Comhairleach Foirgníochta (CAC)

- Dessie Robinson (Cathaoirleach) Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus IMPACT
- Denis Farrell Cumann Cheird na Foirgníochta agus Comhcheirdeanna
- Kathy O Leary Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Robert Butler Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Carl Anders Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- Alan Farrell FÁS
- James Coughlan SIPTU
- Kevin Rudden Cumann Innealtóirí Cairte na hÉireann
- Michael McDonagh An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Paraig Earley An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Carol O Shea (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## An Coiste um Chomhairle Theicniúil agus Eolaíoch (TSAC)

- Marian Byron (Cathaoirleach) Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Darren Byrne An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (Leaschathaoirleach)
- Frank Barry Comhdháil na gCeardchumann
- Bobby Carty Comhdháil na gCeardchumann
- John Hughes An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- Michael Gillen Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- Carl Anders Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- David McGilloway An Rannóg um Chlárú agus Rialú Lotnaidicídí
- Peter Webster An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- Frances Wright Cumann Sláinteachais Cheirde na hÉireann
- Aisling Murtagh Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
- Peter J Claffey An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Shara Smith (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm (FSPAC)

- Marian Byron (Cathaoirleach) Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Brian Carroll Cumann na gComhairleoirí Talmhaíochta
- Jim Dockery An Líonra um Fhaoiseamh Feirme
- Declan Gibney An Institiúid um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde
- Pat Kirwan Tréidliacht Éireann
- Seán O Laoide Comhairle Tréidlianna na hÉireann
- Gerard Mawn Coillte
- Michael Larkin Macra na Feirme
- John McNamara Teagasc
- Patricia Torpey An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
- Tom Murphy Cumann na gConraitheoirí Gairmiúla Talmhaíochta
- Vincent Nally Nasc Tuaithe na hÉireann
- Willie O Donohue Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann
- Noel Richardson Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Ciarán Roche FBD Insurance
- Margaret Healy Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)
- Pat Griffin An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Anthony Morahan An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Margaret Egan (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach Réigiúnach an Deiscirt (SRAC)

- Sylvester Cronin (Cathaoirleach) Comhairleoir Sábháilteachta agus Sláinte, SIPTU
- Anne Keohane IFA
- Michael Reidy, Comhairle Contae Luimnigh
- Austin Noonan Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
- Conor O'Connell Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)
- David Neal IFO
- Donal Harte ICMSA
- Pat O'Flynn SIPTU
- Eddie Ronayne Comhairle Contae Chorcaí
- Gus Connolly Líonraí ESB
- Bob Seward, IOSH
- Maria O'Brien Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Mary Keane NISO
- Michael Hanley, P.O.F., Bord Fiontar Iarthar Chorcaí
- Robert Stuart Comhairle Contae Chiarraí
- Tony Briscoe IBEC
- Sean Hyde Cigire Sinsearach, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Patricia Truscott (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach Réigiúnach an Oirdheiscirt (SERAC)

- Dan O'Connell (Cathaoirleach) Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- John Cassidy FÁS
- Ita Leyden An Institiúid um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde
- Lorraine Casey Power, Leaschathaoirleach, An Institiúid um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde
- Eileen Curtis, Coiste Gairmoideachais Chill Chainnigh
- Geraldine Moran, Leaschathaoirleach, Coiste Gairmoideachais Chill Chainnigh
- Zena Keane, Comhairle Contae Cheatharlach
- Geraldine Moran, Leaschathaoirleach, Coiste Gairmoideachais Chill Chainnigh
- James Curran Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Mary Flynn, Teaghlach Feirme agus Gnóthaí Sóisialta IFA Phort Láirge
- Marion Dalton, Leaschathaoirleach, Teaghlach Feirme agus Gnóthaí Sóisialta IFA Phort Láirge
- John Hickey Bord Iascaigh Mhara
- John Hogan Teagasc
- Mary Kelly, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Richard King, ESB
- Kieran Leahy Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána
- Conor O'Reilly, Leaschathaoirleach, Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána
- John Mulholland, Comhairle Contae Chill Chainnigh
- Ray Murray Bord Iascaigh Mhara
- Frank Nolan, Sábháilteacht Uisce na hÉireann
- Sean Hennessy, Sábháilteacht Uisce na hÉireann
- Mary O'Doherty Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
- Paul O'Mahony, Cónaidhm Coincréite na hÉireann
- Brian Sheerin, Iascaigh Intíre na hÉireann
- Michael Cusack, Iascaigh Intíre na hÉireann
- Eddie Taaffe, Comhairle Contae Phort Láirge
- Mark Cullen An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Maura Kavanagh (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NWRAC)

- John Byrne (Cathaoirleach)
- Martin Shields Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- John Quinn Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann
- Olive Henry FÁS
- Fintan Byrne An Garda Síochána
- Darragh Gannon An Garda Síochána
- Maura Canning Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- Elizabeth Tilson (Leaschathaoirleach) Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- Art McGrath Teagasc
- Tom Farrell IMPACT
- David Mullarkey Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
- Tom Currid Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- John McGovern Coillte
- James Hughes Comhlachas Tráchtála Meiriceánach an Iarthuaiscirt
- Rosemary Russell (Leaschathaoirleach) Comhlachas Tráchtála Meiriceánacha an Iarthuaiscirt
- Adrian Maye Cónaidhm Coincréite na hÉireann
- Anthony Moran (Leaschathaoirleach) Cónaidhm Coincréite na hÉireann
- Sonya Maguire Grúpa Comhairleoirí Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil
- Brian Morris (Leaschathaoirleach) Grúpa Comhairleoirí Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil
- Pat Kelly Líonraí BSL
- Bernadette McLoughlin Bantracht na Tuaithe
- Hilary Byrne An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Orla Cahalan (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta



# Aguisín G: Tuairisc 2011 ar Fheidhmíocht na nÚdarás Náisiúnta Ainmnithe maidir lena gcuid Feidhmeanna faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010

## Cúlra

Ceapadh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (dá dtagraítear 'an tÚdarás' anseo) mar phríomhúdarás náisiúnta faoi na hAchtanna Ceimiceán, Uimh. 13 de 2008, arna leasú i 2010 leis an Acht Ceimiceán (Leasú), Uimh. 32 de 2011 (dá dtagraítear 'na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010' anseo) agus mar sin, tá sé freagrach as feidhmiú na nAchtanna a chomhordú. Déantar socrú sna hAchtanna chun an Rialachán REACH (CE 1907/2006), an Rialachán CLP (CE 1272/2008), an Rialachán Rotterdam (CE 689/2008) agus an Rialachán maidir le Glantaigh (CE 648/2004) a chur i bhfeidhm agus a riar.

Tá dualgais riaracháin agus/nó fhorfheidhmithe ar chúig údarás náisiúnta eile faoi na hAchtanna 2008 agus 2010, is iad sin, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara (DAFM), an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), Bord Ospidéal Beaumont, Seirbhís Custaim de chuid Roinn na gCoimisinéirí Ioncaim agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Tugtar achoimre san aguisín seo ar fheidhmíocht na bhfeidhmeanna de chuid na nÚdarás sin do 2011, feidhmeanna ar cuireadh sonraí faoi bhráid an Údaráis ina leith i bhfoirm tuairiscí, mar a cheanglaítear faoi Ailt 8(4) agus 8(5) den Acht 2008.

### 1. Príomhghníomhartha na nÚdarás Inniúil

Chomhlíon an tÚdarás a dhualgas reachtúil faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 go hiomlán chun ceannasaíocht náisiúnta a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm agus riaradh REACH, CLP, Glantach agus Rialacháin Rotterdam. Sholáthraíomar seirbhís náisiúnta i bhfoirm Dheasc Chabhrach na hÉireann ar REACH agus CLP, a dhéileáil le hiomlán de 426 fiosrúchán ceimiceán i 2011. Príomhghníomh a bhí ann don Údarás i 2011 nuair a d'éirigh leis rochtain a fháil ar REACH-TF, rud a éascaíonn ár róil agus ár bhfreagrachtaí údaráis inniúil faoi REACH agus CLP. Rinneadh iniúchadh seachtrach i 2011 a thaispeáin go raibh Ceanglais Slándála an ECHA á gcomhlíonadh. Tá ullmhúcháin á ndéanamh i láthair na huaire le haghaidh fheidhmiú céimneach na Tairsí Faisnéise REACH nua um Fhorfheidhmiú, (RIPE) a mbainfidh cigirí úsáid aisti agus a ndualgais fhorfheidhmithe á gcomhlíonadh acu faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010.

Ó thaobh polasaí, bhíomar ar thús cadhnaíochta maidir le haighneachtaí chun ECHA agus le comhairliúcháin an Choimisiúin ar réimse saincheisteanna; d'fhreastalaíomar ar CARACAL agus ar fhoghrúpaí gaolmhara agus ghlac ar gcuid foirne páirt, mar ionadaithe nó mar shaineolaithe náisiúnta, sna grúpaí oibre agus sna coistí ábhartha ECHA.

D'oibríomar agus ár gcomhghleacaithe sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (DJEI) as lámha a chéile agus sholáthraíomar comhairle theicniúil chun tacú le caibidlíochtaí na Comhairle Eorpaí ar na Rialacháin maidir le Glantaigh, agus ar athmhúnlú Rialacháin Rotterdam. Sholáthraíomar a lán comhairle agus tacaíochta teicniúla do DJEI i bhforbairt na Rialacháin Ceimiceán (Earraí Aispeiste) 2011 (I.R. Uimh. 248 de 2011) chun cloí le forálacha Ailt 67 agus Iarscríbhinne XVII de Rialachán REACH an AE 1907/2006.

Buaicphointe a bhí ann don Údarás i mí Aibreáin 2011 nuair a óstáladh Geert Dancet, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA). Le linn a chuairte, bhuail an tUasal Dancet leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, le príomhoifigigh na Roinne, le baill foirne an Údaráis, le hÚdaráis Inniúla eile agus le roinnt páirtithe leasmhara REACH. Thug sé moladh d'Éireann as a gealltanas agus as an obair atá déanta aici ar son REACH agus CLP agus d'iarr sé ar an Údarás fanacht gníomhach agus gnóthach sa todhchaí.

Údarás inniúil is ea an **Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM)** chun críocha na Rialacháin REACH, CLP agus Rotterdam. I 2011, ghlac saineolaí de chuid an Údaráis páirt sa Choiste um Measúnacht Riosca (CMR) agus phróiseáil an tÚdarás féin sainchomhaid aicmiúcháin le haghaidh táirgí cosanta plandaí. Chomh maith leis sin, leagadh amach ag DAFM agus ag an Údarás Meabhrán Tuisceana le haghaidh comhréimsí, faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010.

Ainmníodh an **Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)** mar údarás inniúil chun críocha an Rialachán REACH, maidir le truailliú comhshaoil a chosc (mar a shainítear san Acht EPA 1992). Chomh maith

leis sin, ainmnítear an EPA mar údarás inniúil chun críocha an Rialacháin maidir le Glantaigh, maidir le hábhair a bhaineann le hin-bhithmhillteacht dromchlaghníomhaithe i nglantaigh.

Tá na **Coimisinéirí Ioncaim** ceaptha mar Údarás Náisiúnta Ainmnithe faoi Airteagal 17 de Rialachán Rotterdam, agus tá **Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim** freagrach as rialú a dhéanamh ar onnmhairiú agus ar allmhairiú na n-ábhair cheimiceacha chontúirteacha atá liostaithe sa Rialachán. Maidir leis seo, rinneadh ábhair cheimiceacha, a bhfuil cosc ar a n-onnmhairiú nó a shriantar a n-onnmhairiú, a phróifíliú i rith 2011 ar Chóras Imréiteach Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim um Próiseáil Uathoibrithe Iontrálacha (PUI).

Tá **Bord Ospidéal Beaumont** ceaptha mar an tÚdarás Náisiúnta i dtaca leis an Rialachán maidir le Glantaigh (Airteagal 9(3) amháin) agus an Rialachán CLP (Airteagal 45 amháin) faoin Acht Ceimiceán (Leasú) 2011. Ainmníodh an **Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimheanna (NPIC)**, atá lonnaithe in Ospidéal Beaumont chun faisnéis táirgí a sholáthar le riachtanais na bproifisiúnach leighis a chomhlíonadh. Soláthraíonn an Roinn TF, Ospidéal Beaumont córas um bainistíocht ospidéal chun faisnéis táirgí a stóráil agus a aisghabháil agus tugann sí tacaíocht dó. Léirítear sna réamhshonraí gur thug an NPIC freagra ar 976 fhiosrúcháin i 2011, maidir le teagmhais nimhiú/nochtadh an duine, a bhain le táirgí glantaigh agus dífhabhtáin. Ba iad na táirgí glantaigh ba mhó a bhí i gceist sna cásanna sin ná saicíní/capsúil de leacht glantacháin fabraicí, tuarthóir, dífhabhtáin, leacht níocháin agus táibléid mhiasniteora.

Is é **Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB)** a thugann creidiúnú ISO/IEC 17025 do shaotharlanna agus reáchtálann sé clár um dhea-chleachtas saotharlainne (DCS) de réir Phriosabail an Dea-Chleachtais Saotharlainne ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD). Thuairiscigh INAB nach bhfuil creidiúnú ISO/IEC 17025 ag aon saotharlann faoi láthair i gcomhair gníomhaíochtaí tástála faoi Airteagail 8(2) agus 8(3) den Rialachán maidir le Glantaigh, .i. níl aon saotharlann faofa tástála in Éirinn.

## 2. Príomhshaincheisteanna

Chuireamar go mór leis an gcéad Thuairisc Ballstát chuig ECHA ar Chur i bhFeidhm an Rialachán CLP, faoi Airteagal 46 (2), a cuireadh isteach ag DJEI.

Thuairiscigh Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim (RCS) nach ndéantar ceimiceáin áirithe atá faoi réir Rialachán Rotterdam a aithint i gcónaí i gcóid custaim. Níl réiteach faighte fós ag Coimisiún an AE ar an tsaincheist seo. Tá sé beartaithe ag NPIC sceideal táillí a ullmhú a chuirfear faoi bhráid na nAirí maidir le huimhir theileafóin éigeandála faoi bhileoga sonraí sábháilteachta (BSS) a chur ar fáil do chuideachtaí éagsúla, cuideachtaí a theastaíonn uathu an tseirbhís sin a úsáid. Ní gá íoc as an tseirbhís i láthair na huaire.

## 3. Cláir Fhorfheidhmithe

### 3.1 Cur síos ar na gníomhaíochtaí forfheidhmithe arna ndéanamh ag gach uile údarás áitiúil faoi gach ceann de na rialacháin ábhartha

Rinne an tÚdarás thart ar 1,165 cigireacht REACH, ar a n-áirítear 21 cigireacht mhionsonraithe chun an Clárúchán a sheiceáil, i gcomhlíonadh le Straitéis Fhorfheidhmithe REACH/CLP 2011.

Níor thug an EPA agus DAFM faoi aon ghníomh sainiúil forfheidhmithe maidir leis na Rialacháin REACH agus CLP, faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2012. Thug siad faoi ghníomhartha forfheidhmithe faoi chláir reachtacha eile den chuid is mó.

Rinne an tSeirbhís Custaim a dualgais maidir le forfheidhmiú a chomhlíonadh faoi Rialachán Rotterdam trí cheimiceáin áirithe chontúirteacha a phróifíliú go leictreonach ar an gCóras Imréiteach Custaim PUI, agus trí bhailíochtú ag an bhFoireann custaim a dhéanamh orthu ag a bpointe ollmhairithe.

**3.2 Cur síos ar chláir forbartha cigirí agus ar chláir forbartha an phróisis chigireachta ar thug gach uile údarás náisiúnta fúthu**

D'ullmhaigh an tÚdarás Straitéis Fhorfheidhmithe agus Plean Oiliúna 2011 ina dtugtar breac-chuntas ar riachtanais forbartha agus oiliúna na gcigirí agus ar na ceanglais agus acmhainní a bheidh ag teastáil chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Cuireadh cigirí ar an eolas faoi cheanglais an Rialachán CLP agus cuireadh oiliúint orthu sular ghlac siad páirt i dtionscadal Forfheidhmithe REACH a dhírigh ar dhualgais an úsáideora iartheachtaigh faoi REACH agus CLP, tionscadal a chomhordaigh an Fóram um Malartú Faisnéise Forfheidhmithe.

Nuair a thagann faisnéis chun cinn mar gheall ar phróisis éagsúla REACH, tugtar an fhaisnéis sin do chigirí ceadúnaithe agus forfheidhmithe EPA.

D'ullmhaigh na Coimisinéirí Ioncaim lámhleabhar faisnéise a tugadh do gach ball foirne Custaim chun tacú le nósanna imeachta a rialaíonn onnmhairiú na n-ábhar ceimiceach faoi Rialachán Rotterdam.

## 4. Socruithe um Chomhar

**4.1 Meabhrán Tuisceana (MT) idir údaráis náisiúnta**

Threoraigh an tÚdaras an obair ullmhúcháin a rinneadh ar Mheabhrán Tuisceana, a síníodh i mí na Samhna 2011, idir an tÚdarás agus DAFM, ina leagtar amach a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na Rialacháin REACH agus CLP.

Dhréachtaigh an tÚdarás MT comhdhlúite ina leagtar amach socruithe um chomhar maidir leis na Rialacháin REACH agus Glantach agus leis na hAchtanna Ceimiceán, a cuireadh faoi bhráid an EPA i 2011 chun breathnú air. Táthar ag súil leis go síneofar é seo ag an dá eagraíocht i 2012.

Roinneann an tÚdarás sonraí leis na hÚdaráis Custaim d'fhonn faisnéis a bhailiú faoi allmhaireoirí, chun críocha faireachas margaidh faoi REACH.

**4.2 Socruithe um chomhar frithpháirteach le húdaráis sheachtracha**

I 2011, rinne an Roinn cathaoirleacht ar chruinniú idir-rannach amháin ar a fhreastail gach uile Údarás Inniúil náisiúnta. Chomh maith leis sin, tionóladh roinnt cruinnithe déthaobhacha i 2011 idir an tÚdarás, EPA agus DAFM chun roinnt saincheisteanna a chur chun cinn a bhain leis na hAchtanna Ceimiceán, MT Glantach san áireamh, mar aon le hullmhú sainchomhaid ag Éireann chun substaint ardchúraim a aithint agus roghnú substainte a ndéanfadh Éire measúnacht substainte uirthi, ón gcéad Phlean Gníomhaíochta Rollach an Chomhphobail (PGRCh).

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil chomh maith leis na hÚdaráis Inniúla ábhartha REACH sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann (HSE agus HSE Tuaisceart Éireann) chun taithí agus faisnéis maidir le cur i bhfeidhm REACH a roinnt. Chomh maith leis sin, ghlac sé páirt i nGrúpa Idirchaidrimh na Ríochta Aontaithe um Fhorfheidhmiú REACH.

Tionóladh cruinniú amháin ag Comhúdarás Náisiúnta Ainmnithe na hÉireann idir Sheirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim, an tÚdarás agus DAFM. Pléadh saincheisteanna a bhain le Rialachán Rotterdam a chur i bhfeidhm in Éirinn, chomh maith le hábhair oibriúcháin agus polasaí.

## 5. Coistí Náisiúnta Comhairleacha

Is é an Coiste um Chomhairle Theicniúil agus Eolaíoch de chuid an Údaráis (TSAC) an príomhfhóram i gcomhair an chomhairliúchán ceimiceán le comhlachtaí seachtracha, agus glacann ionadaithe EPA agus DAFM araon páirt san fhóram sin. Tionóladh trí chruinniú i 2011 tar éis forbairtí a chur i gcrích maidir leis na Rialacháin REACH agus CLP agus tar éis do threoir a bheith forbartha ag an Údarás maidir le bainistiú sábháilte ceimiceán.

## 6. Dualgais Údaráis Náisiúnta

### 6.1 Riarachán

*Na Rialacháin REACH agus CLP:*
Threoraigh an tÚdarás an clár náisiúnta ar REACH agus CLP i 2011 nuair a d'fhreastail sé ar thrí chruinniú CARACAL agus ar fhoghrúpaí breise ar nana-ábhair agus ar athchóiriú an Rialacháin CLP. Chomh maith leis sin, thugamar comhairle polasaí ar réimse saincheisteanna sna fóraim dhifriúla sin. D'fhreastalaíomar ar 6 chruinniú de chuid Choiste Ballstát an ECHA, inar déileáladh le saincheisteanna mar aithint substaintí ardchúraim, cinntí faoi thograí tástála, seiceálacha comhlíontachta sainchomhad agus moltaí chun substaintí a chur san áireamh in Iarscríbhinn XIV de REACH. Mar chuid dár ról mar Údarás Inniúil Ballstáit (ÚIBS), faoi mheasúnacht sainchomhad, rinneamar athbhreithniú ar 43 dréachtchinneadh tograí tástála an ECHA, chuireamar 4 thogra isteach lena leasú agus rinneamar athbhreithnithe teoranta ar sheiceálacha comhlíontachta. Maidir le comhairliúcháin phoiblí, chuir an tÚdarás roinnt tuairimí isteach go díreach a bhain le 14 thogra aicmiúcháin agus lipéadaithe chomhchuibhithe, le 2 thogra sriantachta agus le 28 togra Iarscríbhinne XV SVHC.

Faoi mheasúnacht substainte, d'oibríomar le Ballstáit eile agus leis an ECHA chun an chéad **Phlean Gníomhaíochta Rollach an Chomhphobail** (a fhoilseofar ar 29ú Feabhra 2012) a thabhairt chun críche agus socraíodh **substaint amháin** a ndéanfaidh Éire measúnacht uirthi i 2012.

Maidir le Polasaí CLP, leanamar leis an treoirobair a bhí ar siúl againn go náisiúnta agus ar leibhéal an AE, agus d'fhreastalaíomar ar 2 chruinniú ag Fochoiste Saineolaithe na Náisiún Aontaithe ar GHS (Córas Comhchuibhithe Domhanda um Cheimiceáin a Aicmiú agus a Lipéadú).

D'fhreastail EPA ar chruinniú CARACAL amháin i 2011 – thángthas ar chomhaontú, le haghaidh cúiseanna éifeachtúlachta, nach bhfreastalaíodh ach príomhghníomhaireacht amháin (HSA) ar an gcruinniú agus go soláthródh EPA a chuid ionchuir tríd an Údarás.

Mar Údarás Inniúil REACH, ghlac saineolaí amháin de chuid an Údaráis páirt sna Coistí um Measúnacht Riosca agus Anailís Shocheacnamaíoch (RAC agus SEAC). Ghlac saineolaí DAFM páirt sa RAC freisin. Ghlac saineolaí an Údaráis páirt i 4 chruinniú SEAC agus chuir sé tuairimí saineolaíocha faoi bhráid an Choimisiúin maidir le tograí sriantachta do dhémheitilfumarate (DMFu), luaidhe sa seodra, mearcair i bfeistí tomhais agus feinilmhearcair. Tháinig RAC le chéile 5 huaire i 2011. Ghlac ionadaithe ón Údarás agus DAFM páirt sna cruinnithe sin uile agus chuir siad a dtuairimí deireanacha isteach maidir le 22 substaint le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe a dhéanamh orthu. Chomh maith leis sin, chuir siad a gcuid tuairimí isteach maidir leis na sainchomhaid atá liostaithe thuas i ndáil le SEAC. Thug saineolaithe RAC an Údaráis faoi sheiceáil comhréireachta freisin ar 2 shainchomhad aicmiúcháin agus lipéadaithe chomhchuibhithe (CLH) agus chuir siad thart ar 14 thuairim scríofa isteach maidir le CLH agus le tograí sriantachta a bhí ar an gclár oibre.

*Rialachán Rotterdam:*
I 2011, d'fhreastail ionadaithe ón Údarás ar Chruinniú Údarás Náisiúnta Ainmnithe (ÚNA) de chuid an AE, agus ar chruinniú de chuid an Choiste Rialála a tionóladh chun Iarscríbhinn I de Rialachán Rotterdam a leasú. Níor fhreastail DAFM ar aon chruinniú ÚNA i 2011.

Phróiseálamar 4 fhógra onnmhairithe agus toiliú follasach amháin faoi Rialachán Rotterdam agus thugamar freagra ar 21 fiosrúchán eile a bhain le cur i bhfeidhm an Rialacháin.

Mar Údarás Náisiúnta Ainmnithe faoi Rialachán Rotterdam maidir le lotnaidicídí, thuairiscigh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (DAFM) nach bhfuarthas iarratas PIC ar bith i 2011 a bhain le lotnaidicídí.

Soláthraíonn Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis ábhartha chun tuairisc a thabhairt don Údarás agus ní chuirtear ceanglais thuairiscithe dhíreacha ar bith uirthi faoin reachtaíocht sin.

*An Rialachán maidir le Glantaigh:*
Chuaigh an tÚdarás i gcomhairle le páirtithe leasmhara in Éirinn chun seasamh na hÉireann a ullmhú agus a chur in iúl do Choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir le tograí chun fosfáití i nglantaigh a shrianadh.

Rinne EPA teagmháil lena mháthair-roinn, DECLG, maidir leis an tsaincheist fosfáítí i nglantaigh.

### 6.2 Fortbairtí reachtaíochta

Sholáthair an tÚdarás tacaíocht theicniúil chomh maith i gcomhair forbairtí reachtaíochta ar an Rialachán REACH agus a Iarscríbhinní, go háirithe maidir le leasú ar Iarscríbhinní XVII, XIV agus an 3ú athrú ar Rialachán CLP. Ullmhaíodh seasaimh náisiúnta chun tacú leis an DJEI maidir leis an bpróiseas Coisteolaíochta.

D'ullmhaigh HSA tuairiscí faisnéise do DJEI agus d'ionadaithe buan an AE le haghaidh chaibidlíochtaí uile na Comhairle maidir le Rialachán Rotterdam. D'fhreastail ár saineolaí teicniúil ar chaibidlíochtaí freisin. Chomh maith leis sin, d'ullmhaíomar tuairiscí faisnéise do DJEI agus d'ionadaí buan an AE le haghaidh chaibidlíochtaí uile na Comhairle ar an Rialachán maidir le Glantaigh. D'fhreastail ár saineolaí teicniúil ar chaibidlíochtaí na Comhairle teicniúla freisin.

Sholáthair DAFM ionchur maidir le togra an Choimisiúin chun an Rialachán Rotterdam a tugadh isteach i 2011 a athmhúnlú.

Sholáthair an tÚdarás comhairle theicniúil do DJEI chun na Rialacháin Ceimiceán (Earraí Aispeiste) 2011 (I.R. Uimh. 248 de 2011) a dhréachtú, a rinneadh faoi na hAchtanna Ceimiceán. Sonraítear sna Rialacháin seo conas is féidir leis an Údarás teastas a eisiúint chun earra a bhfuil aispeist ann, nó catagóir earraí dá leithéid, a dhíolmhú ón gcosc a chuirtear ar earraí a bhfuil aispeist ann a chur ar an margadh, a ndéantar foráil dó in Alt 67 agus Iarscríbhinn XVII de REACH.

### 6.3 Polasaí um threoir agus forfheidhmiú

*REACH agus CLP:*
Tugadh ar aird sa straitéis fhorfheidhmithe agus sa chlár oiliúna REACH agus CLP 2011 de chuid an Údaráis an obair a rinne FÓRAM an ECHA agus na polasaithe a thig as iarrachtaí na ngrúpaí oibre éagsúla. Ina theannta sin, sholáthair an tÚdarás ionchur polasaí agus teicniúil ag an bhFÓRAM (3 chruinniú i 2011), agus rinne sé obair ar son roinnt grúpaí oibre (GO), ar a n-áirítear an GO ''Interlinks'' atá freagrach as tuairisc a thabhairt ar an gcumarsáid, ar an gcomhar agus ar an gcomhoibriú idir ECHA agus údaráis na nBallstát i gcomhthéacs fhorfheidhmiú REACH agus CLP. Ghlac an tÚdarás páirt freisin i dtionscadal Forfheidhmithe REACH 2, comhordaithe ag an bhFóram, a díríodh ar dhualgais na n-úsáideoirí iartheachtacha, dualgais na daoine a cheapann meascáin go speisialta. Ghlacamar páirt freisin i gceardlann oiliúna Fóraim don uirlis RIPE nua (Tairseach Faisnéise REACH um Fhorfheidhmiú) agus úsáidfimid an taithí sin mar aon leis na hábhair ón oiliúint inmheánach chun cigirí a ullmhú le go mbeidís ábalta an uirlis RIPE nua a úsáid.

Maidir le forbairt treorach, chuir an tÚdarás freisin le hobair Ghrúpaí Comhpháirtithe Saineolaithe (GPSanna) an ECHA chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar threoirdhoiciméid maidir le gnéithe éagsúla REACH agus CLP, treoir faoi Bhileoga Sonraí Sábháilteachta san áireamh.

D'oibrigh NPIC ar mhaithe le grúpa oibre a raibh treoirlínte comhchuibhithe faisnéise táirgí á bhforbairt aige le haghaidh Lárionaid Nimheanna agus comhlachtaí ceaptha, treoirlínte a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i ndeireadh na bliana 2011; críochnóidh an Coimisiún an t-athbhreithniú i 2012.

### 6.4 Múscailt feasachta

Ba é an spriocdháta cuideachtaí chun substaintí in earraí a chur in iúl ná mí an Mheithimh 2011. Thug an tÚdarás faoi fheachtas "Comhaireamh chuig an bhFógra" do thionscal, ar a n-áiríodh seimineár oiliúna a óstáladh lenár gcomhghleacaithe i IBEC.

Is é an tÚdarás an Príomhúdarás fós maidir le comhairle agus faisnéis a sholáthar, agus chomhdhlúthaigh sé na Deasca Cabhrach REACH agus CLP i mbliana chun pointe teagmhála amháin a sholáthar **(chemicals@hsa.ie)**. Próiseáladh iomlán de 426 fiosrúchán REACH agus CLP i 2011 tríd an bpointe seo. Chomh maith leis sin, reáchtálamar seimineár Gréasáin rathúil do bhaill foirne lasmuigh na nÚdarás Áitiúil a oibríonn le substaintí agus le meascáin ceimiceán. Reáchtálamar 2 sheimineár muscailte feasachta agus 2 sheimineár Gréasáin i rith na bliana 2011 freisin.

Cuireann an tÚdarás leathanaigh Ghréasáin ar fáil ina ndéantar cur síos ar ábhair cheimiceacha agus eisíonn sé Ríomhfheasachán Ábhar Ceimiceach ráithiúil, ina ndírítear go príomha ar nuashonruithe REACH agus CLP, a scaiptear ar thart ar 500 custaiméir. Chomh maith leis sin, d'fhoilsíomar treoirleabhar gearr do ghnóthais bheaga dar teideal 'Céimeanna don tSábháilteacht Ceimiceán', ina dtaispeántar cur chuige trí chéim inar féidir le gnóthais bheaga sábháilteacht na n-ábhar ceimiceach a bhainistiú.

Úsáideann EPA leathanach Gréasáin REACH, ar tugadh 1561 cuairt air i 2011, mar aon le foilseacháin, le comhdhálacha agus leis na meáin chun feasacht a mhúscailt maidir le hábhair cheimiceacha. I 2011, cuireadh ceadúnaithe EPA, a d'fhéadfaidís bheith ábhartha, san airdeall ar chomhairliúcháin phoiblí an ECHA faoi na substaintí nua a iarradh go gcuirfí leis na liostaí iarrthóra agus údaraithe iad (Iarscríbhinn REACH XIV) nó go gcuirfí srian leo.

Fuair an tionscal faisnéis ó Sheirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim (tríd an gCoiste Comhairleach Custaim) faoi na ceanglais maidir le dearbhú onnmhairithe agus Uimhir Thagartha Aitheantais (UTA) a bhaineann le honnmhairiú na gceimiceán arna gclúdach ag Rialachán Rotterdam, ar a n-áirítear rochtain ar an lámhleabhar foirne trína suíomh Gréasáin. Leagtar amach ar shuíomh Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith faisnéis ghinearálta maidir le hEarraí coiscthe/srianta, ar a n-áirítear faisnéis i leith onnmhairiú Ábhar Ceimiceach Contúirteach faoi Rialachán Rotterdam.

### 7.0 Taighde

Ghlac an EPA páirt i dtionscadal taighde a foilsíodh le déanaí, dar teideal *Nana-ábhair i REACH - measúnacht ar infheidhmtheacht na nósanna imeachta reatha lena ndéantar measúnacht sábháilteachta ceimiceán ar nana-ábhair* chun measúnacht a dhéanamh, bunaithe ar an bhfianaise eolaíochta atá ar fáil faoi láthair, faoinar gá nó nach gá an reachtaíocht REACH agus a treoirdhoiciméid a athrú chun a chinntiú, i gcás nana-ábhar, go gcomhlíontar cuspóir na reachtaíochta seo.



# Aguisín H:
# Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh i 2011

Is iad ár bhfoirgneamh oifige ceanncheathrún ar Shráid James Joyce, 7 n-oifig réigiúnacha agus 2 thrádstóras a úsáideann an méid fuinnimh is mó. Úsáidtear an méid fuinnimh is mó don soilsiú, aerchóiriú, trealamh oifige agus trealamh lónadóireachta.

I 2011, d'úsáid an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta 717,096 kWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta de:

- 68,107 kWh de ghás nádúrtha
- 648,989 kWh de leictreachas;

**Gníomhartha ar tugadh fúthu i 2011**

I 2011, thug an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi réimse tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú

- Suiteáladh coire nua atá tíosach ar fhuinneamh inár nOifig i mBaile Átha Luain
- Suiteáladh soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh sa cheanncheathrú
- Athchúrsáladh páipéir. Fágadh 80 crann ag fás i 2011 trí pháirt a ghlacadh i scéim athchúrsála
- Cuireadh oiliúint tiomána atá tíosach ar fhuinneamh ar fáil don fhoireann mar chuid den Chúrsa Ardscileanna Tiomána
- Rinneadh an córas aerchóirithe a sheirbhísiú agus a chothabháil arís eile chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú

**Gníomhartha atá beartaithe do 2012**

I 2012, tá sé beartaithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta tabhairt faoi réimse tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú sa bhreis

- Aistreofar chuig plean fuinnimh níos éifeachtúla inár gceanncheathrú
- Déanfar suiteálacha a nuashonrú sa bhreis
- Suiteálfar soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh inár n-oifigí réigiúnacha
- Cuirfear modhanna eile chun cinn chun dul ag obair
- Déanfar dramhaíl a athchúrsáil nó a laghdú nuair is féidir

# Aguisín I: Ráiteas ar Chomhlíonadh na gceanglas den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit – Anuas ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ní foláir an Ráiteas Comhlíontachta seo a léamh in éineacht leis an Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráitis Airgeadais an Údaráis. Déantar iarracht sa Ráiteas seo ráthaíocht a thabhairt maidir le raon míreanna a dtugtar mionsonraí orthu i Mír 10.2 den Chód agus nach ndírítear orthu sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais.

Tá Cód Caighdeán agus Iompraíochta leagtha síos d'fhostaithe agus tá Cód Rialachais Chorparáidigh leagtha síos do Bhaill an Bhoird agus cloítear leis an bpéire acu.

Bíonn polasaí an Rialtais ar thuarastal na bPríomhfheidhmeannach agus fostaithe gach comhlachta Stáit á chomhlíonadh. Foilsítear sonraí faoi thuarastal an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin sa Tuarascáil Bhliantúil.

Comhlíontar treoirlínte an rialtais maidir le táillí agus speansais Stiúrthóirí a íoc. Tá na táillí agus speansais a íocadh le baill an Bhoird i rith 2011 mionsonraithe i nóta a théann leis na Ráitis Airgeadais agus sa Tuarascáil Bhliantúil.

Ní raibh aon mhíreanna suntasacha lasmuigh den chlár comhardaithe.

Tá an tÚdarás tar éis a bheith i gcomhlíonadh ar gach bealach le polasaithe an Rialtais i dtaobh taistil, cloíonn sé leis na polasaithe agus nósanna imeachta soláthair is ábhartha, agus cloíonn sé leis na nósanna imeachta a bhaineann le diúscairt sócmhainní.

Bhí an tÚdarás i gcomhlíonadh leis na dlíthe cánach ábhartha go léir agus tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh.

Thar ceann an Bhoird.

**Michael Horgan**

**Cathaoirleach**

Márta 2012

# Nótaí

*Ag Obair chun Cultúr Náisiúnta a Chruthú ina mbeidh Cách Tiomanta don tSábháilteacht agus don tSláinte ar na hIonaid Oibre agus do Bhainistiú Slán Inbhuanaithe na nÁbhar Ceimiceach*


**AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA**

**Teil: 01890 289 389**

**Ó lasmuigh d'Éirinn:**

**00353 1 6147000**

**Facs: (01) 6147020**

**www.hsa.ie**


AN TÚDARÁS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA


Uimhir ISBN: 978-1-84496-161-0

HSA0378